




Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Réigiún an Iarthair
Saotharlann an Anailísí Phoiblí
Western Region
Public Analyst's Laboratory

Tuarascáil bhliantúil 2013
Annual Report 2013



DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG, 2013

	CLÁR NA NÁBHAR	leathanach
	Buíochas	1
	Réamhrá	2
1.	Seirbhís Saotharlanna an Anailísí Phoiblí.....	2
1.1	Airgeadas.....	2
1.2	Riarachán.....	2
1.3		
2.	BITHMHONATÓIREACHT DAONNA & STAIDÉAR DEMOCOPHES	3
2.1	Bithmhonatóireacht Daonna	3
2.2	Foilsíú na dTorthaí.....	3
3.	BIA	4
3.1	An tSeirbhís a chuirtear ar fáil	4
3.2	Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia,FSS:An t-eolas is déanaí/Forbairtí agus 'rl.....	4
3.3	Torthaí na dTástála Bia (Ceimiceáin) do 2013.....	5
3.4	Truailitheoirí bia,Ailléirgíní agus 'rl	7
3.5	Cothú/Comhdhéanamh,Breiseáin,Lipéadú agus 'rls	10
3.6	Samplaí na nGearán Bia	15
3.7	Tuarascálacha ar Fholáirimh (RASFF) agus Guaiseanna/éilliú bia.....	16
4.	UISCÍ/EISILTIGH	17
4.1	Réamhrá.....	17
4.2	Bainistiú Uisce Óil.....	17
4.3	Foinsí Shampla 2013	18
4.4	Caighdeán an uisce	18
4.5	Fluairidiú Sholáthairtí Uisce Poiblí.....	18
4.6	Neamh-mhiotail in Uisce Óil.....	19
4.7	Miotail in Uisce.....	24
4.8	Uisce Haema-scagdhealaithe	26
4.9	Samplaí Príobháideacha	26
4.10	Uiscí Snámha	26
4.11	Uiscí Linnte.....	27
4.12	Eisiltigh.....	27
5.	MONATOIREACHT AR THRUAILLIU AEIR	28
5.1	Reachtaíocht Eorpach	28
5.2	Reachtaíocht Náisiúnta.....	28
5.3	Torthaí na Saotharlainne.....	28
6.	CÓGAISÍOCHT & TOCSAINEOLAÍOCHT	29
6.1	An Saotharlann Cógaisíochta	29
6.2	An Saotharlann Tocsaineolaíochta.....	30
7	COSMAIDÍ	31
7.1	An Reachtaíocht Cosmaidí	31
7.2	Rialú Agus Forfheidhmiú Oifigiúil ar Reachtaíocht Cosmaidí in Éirinn	31
7.3	Torthaí 2013.....	31
7.4	Achoimre ar na Tuairiscí Guais/Éilliú Cosmaidí 2013	34
7.5	Coimriú Iomlán	34
8.	TÁSTÁIL ILGHNÉITHEACHA	35
9.	DEARBHÚ CÁILÍOCHTAÍ	35
10.	OILIÚINT FOIRNE	38
11.	CRUINNITHE/COISTÍ agus 'rl	38
12.	TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS AGUS CUMARSÁIDE	38
Aguisín 1	Food Sampling/Analysis Programme 2013	39
Aguisín 2	Food Categories Table of Results – Infringements etc	41
Aguisín 3	Principal Official Surveillance of Foodstuffs	42
Aguisín 4	Annual Results 2003 to 2013 – Food Contaminants etc.....	43
Aguisín 5	Fluoride Results.....	44
Aguisín 6	Pollution Tables & PM ₁₀ Results for 2013	48
Aguisín 7	Cosmetics sampling/Analysis Programme 2013.....	49
Aguisín 8	Staff.....	50
Gluais na nGiorrúcháin	51	

BUÍOCHAS

Is coimriú é an Tuairisc seo ar shaothar na Saotharlainne Anailísí Poiblí, Gaillimh i rith na bliana 2013.

Cuireadh Socrú Bhóthar Haddington i bhfeidhm i mbliana agus dá bharr tháinig laghdú ar thuarastal na foirne maraon le méadú ar a n-uaireanta oibre. Ina theannta seo cuireadh tuilleadh brú ar an tseirbhís de bharr nach bhféadfaí folúntais a líonadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann as a ndúthracht agus a solúbacht agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin seo agus as a ndiongbhálacht seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil.



Rory Mannion
Anailísí Poiblí

Lúnasa 2014

This report is also available on the HSE website (www.hse.ie) in both Irish and English.

I. RÉAMHRÁ

I.1 Seirbhís Saotharlainne an Anailísí Phoiblí

Tá an saotharlann seo ar cheann de thrí Shaotharlann Anailísí Phoiblí i bPoblacht na hÉireann. Tá an dá saotharlann eile lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Is é an príomhról atá ag na saotharlanna seo ná an sláinte poiblí a chosaint trí sheirbhís anailíseach neamhspleách a chur ar fáil don FSS, do ghníomhaireachtaí rialtais eile agus don phobal i gcoiteann.

Cuireann an saotharlann an tseirbhís seo ar fáil, sna réimsí a leanas:

I.1.1 Bia

Aontaítear clár faireachais bia gach bliain idir Saotharlanna na nAnailísithe Phoiblí, an tÚdarás Sábháilteacht Bia na hÉireann (ÚSBÉ) agus an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil (SSC). Cuireann an SSC na samplaí chun na saotharlainne. Faightear samplaí freisin ón ngnáth phobal, ó thionsclaíoch áitiúil agus ó ghníomhaireachtaí rialtais eile.

I.1.2 Uisce

Is samplaí d'uisce óil is mó a faightear sa saotharlann. Faigheann an saotharlann samplaí uisce ó na hOifigí Comhshaoil thar ceann na núdarais áitiúla, ó na húdarais áitiúla go díreach, ón phobal agus ó ghnónna áitiúla.

I.1.3 Cógaisíocht

Cheap Bord Leigheasra na hÉireann (IMB), Na Rannóga Cógaisíochta mar Shaotharlann Oifigiúil um Rialachais Cógais (OMCL). Faigheann muid samplaí ón IMB, ón Stiúrtóireacht aEorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Táirgí Cúraim Sláinte (EDQM) agus ó OMCL-anna Eorpacha eile. Déantar tástálacha ar shamplaí uaireanta freisin ón Roinn Sláinte agus Leanáí, ó Chumann Cógaiseoirí na hÉireann agus ó Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh.

I.1.4 Tocsaineolaíoch

Fágann Paiteolaithe agus Lialanna Ospidéil maraon le Tréidlianna agus an pobal samplaí linn le anailís tocsaineolaíochta a dhéanamh orthu.

I.1.5 Monatóireacht aeir

Cuireann an saotharlann seirbhís monatóireachta truaillithe aeir ar fáil do chomhairle cathrach na Gaillimhe.

I.1.6 Cosmaidí

Faightear samplaí cosmaidí ó na OSC –anna mar chuid de chlár faireachais náisiúnta aontaithe idir BLÉ, na OSC-anna agus na Saotharlanna Anailísí Phoiblí. Ina measc bíonn samplaí gearáin.

I.2 Airgeadais

Faigheann an saotharlann buiséad i leith costais pá agus eile don bhliain. Ba é an buiséad a fuarthas don bhliain 2013 ná €2.539 millúin. Fuarthas ioncam de €257,851. Rinne an saotharlann a cuid oibre laistigh den bhuiséad. Tá an saotharlann buíoch as an alliantas breise caipitil a fuair muid i 2013 le trealamh tástála riachtanach a cheannach.

I.3 Riarachán

Tá an saotharlann á riar ag an Stiúrtóireacht um Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach (CPPL), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



2. AN STAIDÉAR AR AN MBITHMHONATÓIREACHT DAONNA AGUS AN DEMOCOPHES

2.1 An Bithmhonatóireacht daonna

Is éard atá sa mbithmhonatóireacht daonna (BMD) ná na leibhéil éagsúla paraiméadar atá i bhfíocháin an duine (fual, fuil, gruaig agus 'rl) a dhearbhu. Ghlac Éirinn páirt i staidéar HBM ar a dtugtar DEMOCOPHES I 2011/2012 i gcomhar le 17 ballstáit de chuid na hEorpa. Rinne an FSS an staidéar DEMOCOPHES in Éirinn. <http://www.hse.ie/go/democophes/>

Breathnaíodh sa staidéar, ar bhithchomharthaí mearcair i ngruaig an duine maraon le caidmiam, taláit agus deatach tobac comhshaoil (via cóitínín) sa bhfual. Bailíodh samplaí agus sonraí ó 120 páiste agus a máithreacha i 17 dtír Eorpach. Rinne Seirbhís na nAnailísithe Poiblí an tástáil in Éirinn – tá na sonraí ar fáil i dtuairisc bhliantúil PALG 2012. <http://www.hse.ie/eng/services/Publications/corporate/wrpalannualrep.html>.

2.2 Foilsiú na dTorthaí

D'eascair réimse fairsing foilseacháin as an staidéar DEMOCOPHES idir 2012 agus 2013.

Tá léargas ginearálta den staidéar maraon le coimriú na dtorthaí le fáil sa Tuairisc ar a nglaoitear Tuairisc Layman, féach <http://www.eu-hbm.info/euresult/media-corner/press-kit>.

Tá níos mó eolais faoi gach gné den tionscadal bithmhonatóireacht Daonna, DEMOCOPES AE le fáil at an suíomh gréasáin <http://www.eu-hbm.info/democophes>

Is féidir teacht ar an eolas faoi na torthaí Éireannacha sa “National report on the implementation of the project including data analysis and integrated interpretation” (Tuairisc d’Éirinn) ag: <http://www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/democophes/democophes%20ireland%20results.pdf>.

2.2.1 Foilseacháin in Irisí Eolaíochta

Foilíodh roinnt páipéir chomh maith leis na tuairiscí iomláine thuas, in irisí eolaíochta ina measc:

- An tairbhe géilleagrach as rialú ar nochtú do Meitilmearcair: Luach airgeadais an chosc néarathocsaineachta. *Environmental Health* 2013, 12:3
- Eisfhearadh Fhualach metibílítí taláite, fenóil agus leasaithe i bpéirí máthair-leanbh faoin tuaithe agus i mbailte sa Danmhairg. *Int. J. of Hygiene and Environmental Health*, Volume 216, Issue No.6, Nov 2013
- Curchuige siostéimeach maidir le Staidéar Píolóiteach HBM don Eoraip. *Int. J. of Hygiene and Environmental Health*, Volume 217, Issues 2-3, March 2014
- Na leibhéil mearcair gruaige agus caidmiam fualach i bpáistí Beilgeacha agus a máithreacha laistigh de chreat na dtionscadail COPHES/DEMOCOPHES. *Science of the Total Environment*, Volume 472, Feb 2014
- An Tionscadal COPHES/DEMOCOPHES: I dtreo na h-inchomparáideachta tras-náisiúin agus na h-intoafachta i dtorthaí bith-mhonatóireachta daonna. *Int. J. of Hygiene and Environmental Health*, Volume 217, Issue 6, July 2014

Tá sé beartaithe ag an iris *The Journal of Environmental Research: A multidisciplinary Journal of Environmental Sciences, Ecology and Public Health*, eagrán ar leith a fhoilsiú i 2014 faoin tionscadal DEMOCOPHES.

I measc na n-ábhar a phléifear san eagrán speisialta seo beidh

- Anailís ar Mhearcair agus Measúnú Cáilíochta
- An Chumarsáid i staidéir HBM
- Moltaí Polasaí agus Costas
- Na difríochtaí Inscne (Cd & Cotinín;
- Na féidireachtaí agus na dúshláin a bhaineann le staidéir HBM Eorpacha
- Nochtú do Caidmiam
- Nochtú do dheatach tobac
- Nochtú do thaláití
- Léirmhíniú ar Eolas Bhith-mharcóirí
- Ag cur HBM i bhfeidhm i nDaonraí Beaga
- Beidh roinnt altanna ann a bhainfidh le torthaí Bithmharcóirí tíortha ar leith freisin

3. BIA

3.1 An tseirbhís a chuirtear ar fáil

Déantar monatóireacht oifigiúil ar bhia inár réigiún (FSS, Iarthar) ó thaobh sábháilteacht cheimiceach*, caighdeán agus géilliúlacht reachtúil... Déantar roinnt faireachas náisiúnta freisin de réir nna speisialtachtaí náisiúnta atá réitithe (féach 3.2.2 thíos). Is iad Oifigigh Sláinte Comhshaoil an FSS agus Údarás Sábháilteachta Bhia na h Éireann (FSAI, www.fsai.ie) ár bpríomh chliant, féach Tábla 3.1. Áirítear faireachais cláraithe agus tástáil ad hoc (gearáin agus rabhaidh bia, samplaí “cigireachta” agus ‘rl) sa tseirbhís a chuirtear ar fáil. Tá sé de dhualgas ar na hoifigigh agus ar an ÚSBÉ , faoi mar is cuí na h eachtraí neamhghéilliúlachta a aimsítear agus a ndéantar tagairt dóibh sa Tuairisc seo, a láimhseáil.

Déantar roinnt tionscnaimh taighde feidhmeacha freisin i gcomhair le safefood,, www.safefood.eu

**féach Tuarascálacha na Saotharlainne Micribhitheolaíochta Bia, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, d'achoirne ar thorthaí na tástála Micribitheolaíochta bia i gceantar FSS an Iarthair*

3.2 Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia an FSS - forbairtí agus ‘rl

3.2.1 Ginearálta /Athbhreithniú

Tá Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia á chur ar fáil ag 7 Saotharlann Oifigiúil um Mhicribhitheolaíochta Bia an FSS (OFMLs) agus ag 3 Shaotharlann na nAnailísithe Poiblí. (PALs . I mí Iúil 2004 foilsíodh tuairisc “A Strategic Developmental Review of Health Board Food Control Laboratories (safefood 2004)”; <http://www.safefood.eu/Publications/Research-reports/Strategic-Development-Review-of-Health-Board-Food.aspx>.

Tá 16 moladh sa tuarascáil lena n-áirítear , inter alia, go nascaí na saotharlanna mar aon Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia ilsuíomhach amháin. Níor cuireadh na moltaí seo i bhfeidhm go hoifigiúil fós.

B'fhorbairt thábhachtach i bhfaireachas bia an FSS le déanaí, an feabhas a rinneadh i gcomhordú náisiúnta na samplála bia, le sampláil bhreise á dhéanamh ag luathstáideanna (mórdhiol, iompórtáil, déantúsaíocht agus ‘rl) an tslabhra bia

3.2.2 Seirbhís Saotharlanna an Anailísí Poiblí

3.2.2.1 Béim nua ar an bhFaireachas (Ceimiceach)

Tá níos mó béime á chur ar bhonn náisiúnta ar an faireachas ar aicmí bia ar leith de bharr plé ag Leibhéal Coiste ÚSBÉ-FSS le roinnt blianta anuas, ina measc,;

- Foirmle agus Foirmle leantach Naíonáin agus Bianna Scoite – Féach CUID 3.5
- Uisce i mbuidéil – féach Cuid 3.4.3
- Bia “saor ó alléirgin – féach Cuid 3.4.2
- Ábhar biatheagmhála (paicáistíocht agus ‘rl...)¹
- Táirgí Feola agus táirgí Gránaigh (do thástálacha GMO/DNA agus ‘rl)²
- Bia Sailleach (Na/K) – féach Cuid 3.5.1.
- Forbhianna (Ginearálta agus Corpfhorbartha) féach Cuid 3.5.2.2

¹ Tástáil i Saotharlann an Anailísí Poiblí, Baile Átha Cliath

² Tástáil i Saotharlann an Anailísí Poiblí, Corcaigh

Bhí na haicmí bia seo san áireamh i gClár 2012 (féach Aguisín 1) Déantar iarracht trí chláir bhliantúil am FSS suirbhéanna ar chineálacha bia eile nach bhfreastalaítear orthu de ghnáth a chuimsiú sa ngnáthfhairéachas. I measc na suirbhéanna a rinneadh faoi Clár FSS Iarthair i 2013 bhí : Glasraí Mara (Miotail throma, Lipéadú agus ‘rl; Feoil mhionaithe ar shail i seail (Cion saille agus tanú; Béilí Ospidéal (Scrúdú i gcomparáid le sonraí an táirge – saille, próitéin agus ‘rl; táirgí bÁCúis nollag (salann agus lipéadú/ scrúdú Ginearálta. Féach torthaí ar Tháblaí 3.4, 3.5 agus and 3.6 i gCodanna 3.4 & 3.5.

3.2.2.2 An Tástáil speisialtóireachta i Seirbhís Saotharlanna an AP

D'aontaigh na hAnailísithe Poiblí ar dhoiciméad speisialtóireachta i 2012 a áiríonn an tástáil bia uilig a dhéanann na SAPanna (PALs), agus ainmnítear iad mar tástáil Speisialaithe nó Príomha. Tá an próiseas ag leanúint ar aghaidh agus á uasdhátú mar is gá. Tá imlíne na bpríomh speisialtóireachtaí náisiúnta bia a aontaíodh go dáta in Aguisín 3.

3.2.2.3 Bonn méadaithe cliant/Oifigigh údaráithe

Faigheann gach saotharlann de chuid na nAnailísithe Poiblí i ngach réigiún samplaí bia ó na oifigigh údaráithe (OSC) i ngach limistéar de chuid an FSS de bharr an feabhas a

tháinig ar chomhordú náisiúnta na gclár faireachais FSS. Ina theannta sin, de bharr na forbartha a tháinig ar na speisialtóireachtaí náisiúnta sna saotharlanna rialaithe bia in Éirinn tá réimse fairsing gníomhaireachtaí agus oifigigh údaráithe (Rialú Bia) ag na Saotharlanna AP mar chliaint. Ina measc ach go háirithe tá Oifigigh Tréadliachta, Oifigigh Cosanta Muiriascaigh agus an ÚSBÉ chomh maith leis na príomhchliaint a bhíodh againn, na hOifigigh Sláinte Comhshaoil (OSC) – Féach Tábla 3.1.

Tá na saotharlanna faireachais (ceimiceach « oifigiúil (de chuid gach rannóg- Sláinte, DAFM, an Saotharlann Stáit agus 'rl) ag buaileadh le chéile ar bhonn náisiúnta faoi scáth comhordaithe an ÚSBÉ

3.2.2.4 Tuairiscí agus Sonrú ar Thorthaí Anailíse: Cáipéis Comhsheasmhachta

Cuireadh iachall ar na Saotharlanna Anailíse Poiblí tuairiscí a chur ar fáil do chliaint ar bhealach fhíor rialta de bharr an chomhordaithe náisiúnta na Seirbhíse Anailíse Poiblí agus de bharr riachtanais tuairisce nua an AE/ EFSA. I measc na dtuascálacha Tástála caithfidh na cinn seo a bheith ann inter alia, Na torthaí anailíse agus Neamhchinnteacht Tomhais (UM), LOD, LOQ agus 'rl. Ní mór gach toradh tástála a shannú ó thaobh a ghéilliúlacht do na teorainneacha reachtúla bainteach (nó raon inghlactha) le gach paraimeádair tástála. Déantar comparáid idir thorthaí na Tástála Cothúcháin agus na lámhaltais atá inghlactha de réir “ Treoir dhoiciméad an AE d'údarais inniúla maidir le lámhaltais a shocrú do luachanna cothúcháin a fógraítear ar lipéad “ eisithe Nollaig 2012). D'aontaigh na hAnailísithe Poiblí Cáipéis Náisiúnta Comhsheasmhachta Tuairiscithe chun freastal ar na riachtanais tuairiscithe nua. Clúdaítear leagan amach na tuairisce, struchtúr agus sonraí na bparaimeádair tástála sa gcáipéis seo. Chomh maith leis seo tá próiseas comhairliúcháin le speisialtóirí ÚSBÉ sa gcáipéis chun tuairim a fháil nuair a bheidh measúnú tocsaineolaíochta ag teastáil.

3.3 Torthaí ar Thástáil Bia (Ceimiceach) i 2013


3.3.1 Clár Réigiúnach Faireachais Ceimiceach 2013

Cuirtear Clár Réigiúnach Faireachais Bia (Ceimiceach), a bhíonn comhordaithe go náisiúnta, le chéile idir an FSS

(Saotharlanna AP agus OSCanna) agus ÚSBÉ, agus bíonn siad dírithe go príomha ar thosaíochtaí riosca bhunaithe agus ar riachtanais samplála a d'aithin an grúpa. Tá léargas le fáil ar Thástáil Cheimiceach, FSS An Iarthair in Agusín I

3.3.2 Samplaí 2013

Fuarthas 2,223 sampla i 2013. Léiríonn an Figiúir thíos an chéim ag a tógadh samplaí na OSC-anna (seachas gearáin) i 2013. Tá laghdú tagtha ar an sampláil miondiola le cúpla bliain anuas agus méadú tagtha ar an sampláil níos faide siar sa slabhra bia.



3.3.3 Staitisticí do 2013

Is achoimre ar obair na bliana i 2013 atá i dTáblaí 3.1 agus 3.2 de réir na bhfoinsí samplála (gach sampla). Bhí 97 gearáin mar chuid de na samplaí (féach cuid 3.6) maraon le 2,126 sampla eile. Eisíodh 169 (7.9%) tuairiscí « neamhghéilliúlachta' as an 2,126 sampla (i.e torthaí tástála a léirigh neamh géilliúlacht do na caighdeáin atá leagtha síos i nDlí Bia na hEireann – féach figiúirí thíos do bhlianta roimhe seo :

Tuairiscí “Neamhchomhlíonta” (mar % de na samplaí a scrúdaíodh, seachas gearáin).

Bliain	%
2013	7.9
2012	6.4
2011	6.5
2010	8.3
2009	6.4
2008	7.4
2007	8.3
2006	5.4
2005	4.7
2004	5.0
2003	4.5
2002	5.1

Bhí formhór na neamhghéilliúlachtaí (117) den 169, neamhghéilliúl de bharr easnamh sa lipéadú agus bhí mórán díbh ó áitribh miondíola eitneacha; ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go raibh bia san áireamh sna neamhréitigh lipéadú i mbianna neamh ghéilliúla inar aimsíodh alléirgín nach raibh fógraithe maraon le neamhréitigh idir na luachanna a bhí ar an lipéad agus an luach a aimsíodh le linn na hanailíse ar an

gcomhdhéanamh (m.sh salann/sódiam, saill agus 'rl). Tá achoimre de na haicmí bia agus na sárúithe do ghearáin agus do shamplaí eile a fuarthas ó FSS, Iarthar agus an Pobal Ginearálta le fáil in Aguisín 2.

Tá miondealú de shamplaí OSC (seachas gearáin) in aghaidh an chinn sa daonra i ngach Ceantar Cúraim Pobail FSS le fáil ar Thábla 3.2.

Tábla 3.1: Foinsí na Samplaí Bia (2013)

Curtha isteach ag/Cineál Sampla	Líon Samplaí	Líon ar eisíodh Tuarascálacha Dímholta ina leith
Oifigigh Sláinte Chomhshaoil		
Gnáthamh Neamhfhoirmiúil (Clár Samplála)	1,184	146
Poiblí (Gearáin Bia trí OSCanna)	86	46
Samplaí leantacha (neamhchláraithe)	71	15
An Pobal Ginearálta		
Gearáin	11	5
Eile	448	1
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	267	0
An Ghníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara	21	5
DAFM & BIP	37	0
Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil	33	2
DC Saotharlainne & Forbairt Modhanna srl	58	Ní bhaineann
NSAI	7	0
MÓRIOMLÁN	2,223	220


Tábla 3.2 Foinsí Samplaí bia an FSS (2013)

Seirbhís OSC um Chúram Pobail Cheantar an Chontae	Líon Samplaí Curtha Isteach (seachas gearáin)	Líon de réir an 1,000 daonra*
Gaillimh	185	0.74
Maigh Eo	124	0.95
Ros Comáin	60	0.94
An Clár	100	0.97
Luimneach	139	0.82
Tiobraid Árann Thuaidh/Oirthear Luimnigh	105	0.99
Tír Chonaill	130	0.81
Sligeach/Liatroim/Iarthar an Chabháin	104	1.06
FSS Deisceart	114	-
FSS BÁC/LárLaighin	60	-
FSS BÁC & An tOirthuaisceart	63	-

*Bunaithe ar dhaonáireamh agus ar eolas Cúraim Pobail FSS 2011

Thit an líon samplaí cláir FSS a fuarthas le roinnt blianta anuas (féach an figiúir thíos), agus is dócha gur bhunaigh siad ó 2011 i leith.

Samplaí cláraithe an FSS OSC (níl gearáin bia san áireamh) a fuarthas



3.3.4 Achoimre Iomlán ar Shonraí agus ar Chaighdeán Bia 2013

Rinne faireachas fairsing le haghaidh ailléirginí, truaillitheoirí, breiseáin, lipéadú agus tástálacha cothaitheacha (salann, aigéad fólach agus 'rl) i 2013. Tugtar na torthaí de réir na bparaméadar tástála i gcodanna 3.4 go 3.6. Aimsíodh roinnt cásanna neamh géilliúlachta faoi mar a aimsíodh le blianta anuas agus láimhseáil na hOSC-anna agus an ÚSBÉ iad mar is cuí. Sheas an laghdú ar líon na samplaí gearáin bia a fuarthas i gcomparáid le blianta roimhe sin (féach mír 3.6). Eisíodh 12 Tuarascáil Guaise/Éilliú Bia i 2012 (féach mír 3.8).

Arís léiríonn na torthaí atá tuairiscithe anseo do 2013 ardchaighdeán ó thaobh comhlíonadh reachtúil agus ardchaighdeán ceimiceach i mbia go ginearálta. Léirítear leibhéal íseal neamh-ghéilliúlachta de bharr éilliú bia den chuid is mó i gcónaí.

Tabhair faoi deara:: Féach Tuarascálacha Bliantúla ÚSBÉ, - www.fsai.ie agus tuarascálacha na ngníomhaireachtaí seo (An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Údarás Áitiúla, FSS srl.) atá bainteach leis an rialú oifigiúil bia le haghaidh an mórphictiúir a fháil ar shláinte agus sábháilteacht ár soláthar bia

3.4 Truaillitheoirí Bia, Ailléirginí agus 'srl

3.4.1 Ginearálta.

Déantar monatóireacht ar thruaillitheoirí, ailléirginí agus iarmhair 'cheimiceacha' i mbia le sábháilteacht an bhia agus comhlíonadh reachtaíochta a chinntiú; orthu seo áirítear Tocsainí Nádúrtha, Truaillitheoirí Tionsclaíocha/Comhshaoil, Truaillitheoirí ó Phróiseáil/Phacáistiú Bia, Ailléirginí, Iarmhair Chóireála Plandaí agus Ainmhithe agus Ábhair Choimhthíocha srl.

Notáí:

(i) Cuireann Gníomhaireachtaí Oifigiúla Eile agus ÚSBÉ (féach Aguisín 3 agus www.fsai.ie) tuairiscí le chéile freisin faoi thruaillitheoirí & iarmhair i mbia. Cuireann Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh (Teagasc) Bunachar Sonraí Náisiúnta um Iarmhair Bia ar fáil go bliantúil d'Eirinn - (féach <http://Infrd.teagasc.ie/>)

(ii) Tá sonraí faoi éilliú Micribhitheolaíoch bia le fáil i dtuarascálacha na Saotharlann Oifigiúla um Micribhitheolaíocht Bia, i dtuarascálacha Ranna/Gníomhaireachtaí eile (féach Aguisín 3) agus i dtuarascálacha ÚSBÉ (www.fsai.ie)

3.4.2 Ailléirginí Bia agus Tástáil Ghaolmhar

Tá speisialtóireacht nua náisiúnta d'Ailléirginí Bia anois ag an saotharlann. Tá sé i gceist an réimse faireachais seo a fhorbairt i gcomhar le húsáideoirí seirbhíse agus an ÚSBÉ Tá coimriú de thorthaí 2013 ar fáil ar Thábla 3.3

Tábla 3.3 Ailléirginí Bia: Achoimre ar Thorthaí 2013.

Ailléirgin/Paraiméadar	Teorainn(eacha) (Foinse dleathach)	Cineálacha Samplaí	Iomlán	Ag cloí le Caighdeán	Níl ag cloí le Caighdeán
Glútan (sampláil OSC)	20 ppm* (Rial (AE) 41/2009)	Bianna saor ó Ghlútan	198	187	11
Glútan (samplaí príobháideacha) ¹	20 ppm* (sonraíocht chustaiméara)	Bianna saor ó Ghlútan	399	376	23
Glútan (DAFM)	20 ppm* (Rial (AE) 41/2009)	Foirmlé naíonáin	20	20	0
Glútan (LAVS)	20 ppm* (Rial (AE) 41/2009)	Táirgí muiceola saor ó ghlútan (ispíní, putóga)	14	14	0
Próitéin Pis Talún	Treoir 2003/89/EC	Milseogra	78	77	1
Lachtós ² (Sampláil OSC)	Treoracha: 2000/13/EC & 2006/141/EC	Milseoga soighe, Foirmlí naíonna saor ó soighe & lachtós, milseogra	25	25	0
Ubh	Treoir 2003/89/EC	Bianna éagsúla lipéadaithe "saor ó uibheacha"	47	44	3
Cáiséin	Treoir 2003/89/EC	Bianna éagsúla lipéadaithe "saor ó bhainne"	35	34	1
Sulfít	Treoir 2003/89/EC Rialachán 1333/2008, & 1129/2011	Feol/Táirgí feola (114), Torthaí/Glasraí (26), Torthaí Tirim (20), Beoracha/Fionta (14), Sú torthaí (2), Milseogra (4), Cloicheáin/sceaimpí (10), Ilghnéitheach (5)	195	169	8 ³ 18 ⁴

*Rialachán AE(AE 41/2009 - 20 mg/kg do bhianna 'saor ó ghlútan agus 100mg/kg do bhianna leáite "go saor ó ghlútan." Bhí an lipéad "saor ó ghlútan" ar gach bia a fuarthas i 2013 agus níorbh eol as gur plúr cruithneachta gan glútan a úsáideadh.

¹ Rinneadh na samplaí a thástáil d'úinéirí gnó bia príobháideacha maidir lena liostáil ar Liosta Bia Chumainn Céiliach na héireann, nó ó thaobh forbairt táirgí don mhargadh le haghaidh bianna saor ó ghlútan.

² Níl lactós ina ailléirgin bia atá sainmhínithe de réir dlí bia an AE (Treoir 2003/89/AE is siúcra déiríochta atá ann agus tá éadulaingt ag roinnt daoine/naíonáin ach go háirithe dó.

³ Bhí dé-ocsáid sulfair SO₂ nach raibh fógraithe sa 8 sampla seo

⁴ Bhí 18 sampla nár chomhlíon an reachtaíocht maidir le bresieacháin, (Rialachán AE Uimhir 1333/2008 arna leasú ag Rialachán (AE)Uimhir 1129/2011. Treoir 95/2 AE mar a leasaíodh), Roimh Meitheamh i 2013

Glútan: Is nimh do chéiliaigh iad na próitéiní Glútain atá i gcruithneacht, in eorna, i seagal agus ina meascán crosantach. Leagann CODEX agus Rialachán CE Uimh 41/2009 síos na teorainneacha nua glútain mar seo a leanas:

- 100 mg/kg do bhianna atá "an-íseal i nglútan", ina bhfuil comhábhar amháin nó níos mó le glútan iontu.
- 20 mg/kg do bhianna atá saor ó ghlútan go nádúrtha.

I 2013 fuarthas raon éagsúil bianna saor ó ghlútan ó chógaslanna, siopaí bianna sláinte, ollmhargaí agus ó lucht déantúsaíochta áitiúil. Bhí naoi sampla ó shamplaí cláir an FSS agus a raibh an lipéad saor –ó ghlútain orthu nach raibh ag comhlíonadh na dteorainneacha reachtúla (le leibhéil glútan > 20 mg/kg) , (ba táirgí bÁCUSAÍOCHTA a bhformór agus táirgíodh líon bheag dóibh i mbialanna

agus 'rl.) ina theannta sin thángthas ar dhá shampla gearáin ón earnáil seirbhíse(ó na hOSC-anna) a bhí neamh-ghéilliúl (sampla d'ispíní a díoladh mar " saor ó ghlútan "agus sampla de ghnáth aráin cruithneachta a díoladh (le focal béil) mar arán saor ó ghlútan. Rinne na hoifigigh údaraithe gníomhaíocht leantach fúthu seo. Léiríonn na torthaí do tháirgí réamh-phacáistithe príomh shrutha go raibh ardchaighdeán (ó thaobh na leibhéil glútan) sna bianna saor ó ghlútan a bhí ar fáil don tomhaltóir.

Déanann an saotharlann seo anailís bunaithe ar ELISA do **Phis Talún** i mbianna, tá an teicníc seo bunaithe ar úsáid antashubstaintí polaclónacha ar na próitéiní ailléirgineacha Ara h1 agus Ara h2 i bPis Talún. Rinneadh anailís ar 78 sampla bia i 2013 le lorg píis talún a aimsiú iontu(seacláid agus milseogra eile den chuid is mó) agus cuireadh an

bhéis ar na táirgí sin a raibh an lipéad saor ó chnó nó ó phíseanna talún orthu. Tháinig neamh-ghéilliúlacht amháin chun solais i dtáirge tarsainn. Is féidir eolas a fháil faoi ailléirgíní agus lipéadú sna sonraí atá i suirbhé ÚSBÉ, - “Food Allergens and Labelling Survey June 2011” (http://www.fsai.ie/resources_publications.html).

Bunaítear gach anailís ailléirgineach seachas an anailís ar ghlútan agus ar sulfar dé-ocsaíd ar ailléirgíní inbhraite a bheith ann nó in easnamh mar nach gceadaíonn Treoir 2003/89/AE leibhéal ceadaite de na hailléirgíní seo i mbia. Tar éis cuirthe a fháil le bheith páirteach i dtrialacha fháinneacha d’anailís ailléirgineach fuair an saotharlann seo cuireadh a bheith páirteach i roinnt tionscadail taighde maoinithe ag an AE faoi ailléirgíní bia. Mhaoigh Safefood ár bhfreastal ar na cruinnithe seo faoina gclár Oiliúna agus Soghluaiseachta d’fhoireann saotharlainne. Fuarthar neart

eolais ag na cruinnithe seo agus ba mhór an cúnamh dúinn iad de bhrí go bhfuair muid cur amach ar an taighde is déanaí faoi ailléirgíní bia ag gach leibhéal, ó thrialacha cliniciúla go coir leighis na nothar agus measúnú riosca go dtí na forbairtí is déanaí in aimsiú ailléirgíní bia. Iarradh orainn leanacht ar aghaidh ag obair leis na taighdeoirí seo ar bhonn níos foirmiúla sa todhchaí agus tá súil againn gur féidir linn é seo a dhéanamh agus go mbeidh sé chomh tairbhiúil agus faisnéiseach dúinn agus a bhí go dtí seo.

3.4.3 Éilleáin bia– Rialachán AE 1881/2006 agus EILE

Leagtar teorainneacha síos do réimse éilleáin cheimiceacha i mbia i Rialachán AE 1881/2006 (& 333/2007, 1126/2007, 629/2008, 420/2011 – á leasú). Tá achoimre den dtástáil cuí a rinneadh i 2013 ar Thábla 3.4.

Tábla 3.4: Éilleáin bia Food – Rialachán AE 1881/2006 agus EILE-- Príomhthorthaí 2013

Truailitheoirí	Cineál sampla	lamlán	Comhlíonadh
Luaidhe ¹ & Caidmiam ¹ (Pb & Cd) ^{1a} & Arsanaic ¹ (As)	lasc/sliogéisc ‘rl	50	50
	Bia Naíonáin	35	35
	Torthaí, Glasraí/Luibheanna,	20	20
	Deochanna/Uiscí	69	69
	Feol & Táirgí Feola, Feamainn so-ite agus ‘rl	36	36
		29	29
	Fo-iomlán (Pb, Cd, As)	239	239
Mearcair ¹ (Hg)	lasc & táirgí éisc	17	17
	Bia naíonáin & bia linbh Bia ilghnéitheach	22	22
		17	17
	Fo-iomlán (Hg)	56	56
Hiostaimín/ Aiminí bithghineach ^{1b}	Scombroideid éisc agus ‘rl (Tuinnín, Murlasl...)	94	91
Biotocsaíní Mara²			
tocsainí DSP & AZA ^{3,4} tocsainí ASP ⁵ tocsainí PSP ⁶	Dúilicíní, Oisrí, Muiríní, Breallaigh, portáin	17	17
Ábhair frith-bhaictéarach (ABS) ⁷ (Tástáil Ceithre-Phláta AE)	Sicín (8), Muiceoil (5), Eile (3)	16	16
	lamlán	422	419

¹ Rialachán AE 1881/2006.

^{1a} Rinneadh monatóireacht ar na leibhéil Cróimiam Niocail agus Seilíniam sna samplaí freisin

^{1b} Tástáladh aiminí do: hiostaimín; tioraimín; cadavairín; pútraicín. Uaireanta táirgíonn baictéar i mbia aiminí bithghineacha in iasc agus ‘rl as ainmnaigead Is meisce ar nós ailléirge atá i nimhiú hiostaimín nó Scombroidei seachas ailléirge bia.

² Is féidir leis na tocsaín seo carnú i sliogéisc a tógar in uisce saíle ina bhfuil barraíocht algaí mara. Samplaí an leibhéal miodiollónadóireachta (den chuid is mó) déanta ag an seirbhís OSC. Rinne institiúid na Mara an anailís. Rinne An Roinn CMNE/Institiúid na Mara an príomh monatóireacht oifigiúil ag an leibhéal táirgíochta.

³ Nimhiú Sliogéisc//Buinnigh (DSP) ⁴ Asaispioraigead (AZA) ⁵ Nimhiú ainmneiseach ó shliogiasc (ASP) ⁶ Nimhiú pairiliseach ó shliogiasc (PSP)

⁷ TÚsáidtear tástáil ceithre-phláta an AE chun feol a scagthástáil le haghaidh iarmhair antai-bheathaigh (frithbheathaigh agus ‘rl). Rinne DAFM agus na húdaráis áitiúla an príomh mhonatóireacht oifigiúil ag an leibhéal táirgíochta (planda feola agus ‘rl).

Uisce i mbuidéil

Is cuid de chlár Samplála/Anailíse an FSS, níos mó faireachais a dhéanamh ar uisce i mbuidéil. Déanann buíon faireachais bia an FSS-ÚSBÉ an faireachas a chomhordú ar bhonn náisiúnta. Déantar tástálacha ar uiscí mianraí, uiscí toibreacha agus uiscí “eile” i mbuidéil, táirgí ó Éirinn agus impórtáilte araon. Scrúdaíodh 166 sampla d’uisce i mbuidéil anseo i 2013: tháinig 141 sampla acu seo ó phlandaí buidéalú baile (uisce mianraí nádúrtha, Uisce Tobair agus uisce talún “eile” i mbuidéil, agus tháinig siad ag gach céim táirgíochta ón fhoinsé sa tobar go dtí an táirge sa mbuidéal. Baineann déine na samplála seo le toirt na táirgíochta sa bplanda atá i gceist; fuarthas anach go raibh gach sampla díbh seo ag teacht leis an gcritéir atá de dhíth maidir leis an gcomhdhéanamh (I.R 225 de 2007). Rinneadh anailís ar 25 sampla de uisce i mbuidéil impórtáilte (Uisce Nádúrtha Mianraí agus Uisce Tobair) anseo i 2012 agus tháinig na samplaí ó áitribh miondíola agus seirbhíse Rangáíodh nach raibh 12 sampla géilliúl ó thaobh na reachtaíochta chuí- bhí 10 sampla nach raibh an lipéad orthu i mBéarla agus ba gearáin bia maidir le hábhar coimhthíoch /ábhar eile 2 díbh. Cuimsítear sraitheanna Iníúchta agus Seiceála (féach Cuid 4), maraon le parimeádair ceimiceacha agus micribhitheolaíochta, faoi mar a leagtar amach i I.R 225 de 2007 sna Tástálacha Náisiúnta. Bhí 109 sampla ríomhchláraithe don FSS agus fuarthas agus scrúdaíodh 166 sampla anseo (tástáil cheimiceach) Criathraíodh gach sampla uisce i mbuidéil (trí ICP-MS) le haghaidh miotail agus níor sháraigh aon sampla na teorainneacha reachtúla do mhiotail in uisce talún i mbuidéil.

Aimíní Bithghineacha

Scrúdaíodh 94 sampla éisc anseo le haghaidh Hiostaimín agus 3 aimíní bithghineacha, is iad sin Pútraiscíne, Cadavairín agus Tioraimín. Ina measc bhí 10 sampla (10 * 9 fo-shampla) ón túdarás um chosaint lascaigh Mhara (SFPA), 4 (4 x 9 foshampla) ón bpointe cigireachta teorann (BIP) samplaí ón Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia (DAFF) agus 80 sampla ó na hOifigigh Sláinte Comhshaoil.

Bhí an iomarca Hiostaimín 3 shampla as an 94 sampla 3. Bhí Cadairvín ard (>100 mg/kg) i 7 sampla ,Bhí Pútraiscíne ard(>100mg/kg) i 1 sampla amháin agus Tioraimín ard(>100mg/kg) i sampla amháin . Le tuairisc ghinearálta a fháil ar nimhiú hiostaimíneach féach ar

<http://www.fda.gov/Food/GuidanceComplianceRegulatoryInformation/GuidanceDocuments/Seafood/FishandFishesProductsHazardsandControlsGuide/ucm091910.htm>

Tháinig laghdú mór ar an tástáil do thruaillitheoirí sa saotharlann seo le blianta beaga anuas agus go h-áirithe gur aistríodh mórán de na tástálacha bunaithe (ag próiseal truaillitheoirí, míceatocsain agus ‘rl) chuig Saotharlann an Anailísí Poiblí i mBaile Átha Cliath (mar chuid de speisialtóireacht náisiúnta.) Déantar an t-uafás tástála ar Bhianna le haghaidh luaidhe agus Caidmiam ar mhaithe le heolas a bhailiú faoi ionghabháil chothaithe.

3.5 Cothú/Comhdhéanamh, Breiseáin, Lipéadú srl.

Tháinig méadú le blianta anuas ar an tástáil cothaitheach/comhdhéanaimh a dhéanann an saotharlann, go háirithe sna réimsí ‘Salann’/Sóidiam, Aigéad Fólach agus gnáthlipéadú cothaitheach.

3.5.1 Sóidiam/Salann i mBia

Tá iarracht mhór idirnáisiúnta á dhéanamh leis an méid ‘Salainn’/Sóidiam a thógann daoine sa mbia a laghdú, - féach m.sh. “Salt and Health: Review of the Scientific Evidence and Recommendations for Public Policy in Ireland”,

www.fsai.ie/uploadedFiles/Science_and_Health/salt_report-1.pdf. Tugann sonraí atá luaite sa tuarascáil, agus a bhaineann le hÉirinn le fios go dtiocfadh laghdú timpeall 1,700 ar an méid daoine a fhaigheann bás in Éirinn in aghaidh na bliana ó stróc agus galar iscémach croí dá mbainfí amach an laghdú atá molta maidir leis an méid salainn a thógann daoine. Ó 2002, tá clár curtha i bhfeidhm ag ÚSBÉ, i gcomhar leis an tionscal bia, chun na leibhéil salainn sna príomhbhianna próiseáilte ina mbíonn salann a laghdú, féach

http://www.fsai.ie/science_and_health/salt_and_health.html le nuashonrú dul chun cinn a fháil. Ba í an aidhm a bhí ann ná an meán-ionghabháil salainn a laghdú go 6g sa ló (ó 10g sa ló) faoin mbliain 2010., Féach Tuairisc 2011 ó IUNA “Report on Salt Intakes in Irish Adults – Executive Summary” -

http://www.fsai.ie/uploadedFiles/Science_and_Health/Salt_and_Health/Salt_exec_summary.pdf

Tá achoimre de thorthaí na suirbhéanna ÚSBÉ agus faireachais chláráithe FSS eile ar fáil ar Thábla 3.5.

Table 3.5: Achoimre ar Thorthaí Thástáil ‘Salainn’ (Sóidiam & Potaisiam) 2013

Paraiméadair	Cineálacha bia agus ‘rl	Samplaí	Meán Torthaí ¹ (g/100g)	Cóimheas Sóidiam/Póitaisiam	
‘Salainn’ (Sóidiam & Potaisiam)	Suirbhé ar Sneiceanna Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	102	0.76	0.7
		Potaisiam	102	1.09	
	Suirbhé ar Anraí Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	42	0.29	2.4
		Potaisiam	42	0.12	
	Suirbhé ar Arán Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	123	0.43	2.5
		Potaisiam	123	0.17	
	Suirbhé ar Bhia Eitneach Suirbhé Réigiúnach FSS	Sóidiam	26	1.25	3.7
		Potaisiam	26	0.34	
	Suirbhé ar Bhia chorpforbartha Suirbhé FSS	Sóidiam	13	0.29	0.56
		Potaisiam	13	0.52	
	Uiscí buidéalaithe ² Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	139	28mg/L	-
	Salainn íseal/laghdaíthe ³ Suirbhé Réigiúnach FSS	Sóidiam	27	3.67	0.57
		Potaisiam	27	6.46	
	Bia a táirgíodh go háitiúil Suirbhé Réigiúnach FSS	Sóidiam	29	0.38	1.5
Potaisiam		29	0.26		
Táirgí BÁCúsaíochta Nollag Suirbhé Réigiúnach FSS	Sóidiam	23	0.18	0.58	
	Potaisiam	23	0.31		
Bia scoite/Foirmlí Naíonáin Suirbhé FSS	Sóidiam	35	0.05	0.24	
	Potaisiam	35	0.21		

- ¹ I ríomh meántoradh gach catagóir cineál bia, nuair is ann dó, is luach, 0.005g/100g atá ann anois in áit (<0.01g/100g).
- ² Rinneadh anailís ar na samplaí sa Rannóg uisce mar chuid de bhuíon iniuchta anailíse níos leithne. Bhí samplaí d’uiscí súilíneacha agus gan súilíní d’Uiscí Nádúrtha Mianrach, Uisce Tobair agus Uiscí “eile” as Éirinn agus ó thiortha eile i measc na samplaí..
- ³ Ba comhdhlúthúcháin a bhí i 11 sampla- Saill íseal,,blastanais, gráinníní anlainne, ciúbanna stoic agus ‘rl .

Tá na coimheasanna Sóidiam/Póitaisiam ar fáil ar Thábla 3.5 le haghaidh gach aicme bia. Faightear Póitaisiam i gcuid mhór bianna, ina measc torthaí, glasraí, píseánacha, cnónna, bainne, feolta, éisc agus rí. Moltar iontógáil chothromaithe de Sóidiam agus Póitaisiam, cé go molann cuid de na húdaráis go mba chóir an Sóidiam agus an Póitaisiam a laghdú chun coimheasanna iontógála Sóidiam agus Póitaisiam a bhaint amach.

Obair don ÚSBÉ: Is leanúint den saothar a rinneadh ó 2003 atá in obair fhaireachais don ÚSBÉ do 2013, féach Tuairisc an ÚSBÉ “Monitoring of Salt in Processed Foods Meán Fómhar 2003 go Iúil 2014”

http://www.fsai.ie/uploadedFiles/Science_and_Health/Salt_and_Health/Salt_Surveys_2003_onwards.pdf

Is achoimre eolais ar 8 suirbhé a rinneadh ar aicmí bia ar leith (na suirbhéanna is déanaí amháin) atá i dTábla 3.5a



Tábla 3.5a: Achoimre ó na Suirbhéanna Bia is déanaí don ÚSBÉ.

Aicmí bia	Líon samplaí	Torthaí Sóidiam Méan (g/100g)	Torthaí Potaisiam Méan (g/100g)	Cóimheas Sóidiam/Potaisiam
Gránaigh Bricfeasta (Eolas 2011)	330	0.21	0.31	0.68
Leatháin Déiríochta/Neamhdéiríochta (Eolas 2012)	62	0.49	0.04	12.3
Feoil próiseáilte (Eolas 2012)	127	0.93	0.23	4.0
Cáiseanna (Eolas 2012)	56	0.64	0.08	8.0
Anlannas (Eolas 2012)	145	0.32	0.18	1.8
Aráin (Eolas 2013)	123	0.43	0.17	2.5
Anraithí (Eolas 2013)	42	0.29	0.12	2.4
Sneaiçeanna (Eolas 2013)	102	0.76	1.09	0.7

Suirbhéanna réigiúnacha FSS agus'rl: Rinneadh suirbhéanna éagsúla FSS i 2013, ina measc bianna ar shail íseal, bianna a táirgíodh go háitiúil, táirgí bácúsaíocta Nollag, bianna baint den diúl agus 'rl 2013 (Tábla 3.5). Tríd na suirbhéanna seo déantar monatóireacht ar earraí bia lena chinntiú go bhfuil déantóirí ag tabhairt na leibhéil cruinne salainn/sóidiam ar an lipéadú

Ní raibh ach 3 shampla nach raibh géilliúil i.e bhí difríocht idir na torthaí Sóidiam agus an luach a bhí ar an lipéad.

3.5.2 Tástáil Eile ar Chothaithigh

Tá achoimre den tástáil cothaitheach eile a rinneadh anseo i 2013 ar fáil ar Thábla 3.6.

Tábla 3.6: Tástáil Cothaitheach/Comdhéanamh eile i 2013.

Paraiméadair	Cineálacha bia agus 'rl.	Samplaí Tástáilte	Raon na dTorthaí
Aigéad Fólach	Bianna Naíonna (tirim) suirbhé FSS	8	<8-28µg/100kcal (73-141% of Labelled)
	Foirmí Naíonna agus Leantacha - suirbhé FSS	23	12-59µg/100kcal (75-204% of Labelled)
	Foirmí Naíonna agus Leantacha - suirbhé RTBM	20	12-33µg/100kcal (75-184% of Labelled)
	Forlíonta Aigéad Fólach, ilvitimíní srl..	22	Range of Results (as % of Labelled value) 45% to 4000%
Saill	Ispíní	12	8.9 - 25.2 (g/100g)
	Feol mionaithe/Mairteoil	35	1.5 - 19.7 (g/100g)
	Feol burgair	12	4 - 18.7 (g/100g)
	Béilí Réamhullmhaithe	21	1.5 - 16.3 (g/100g)
	Bia linbh	24	<0.4 - 6.9 (g/100g)
	Foirmí naíonáin gránbhunaithe	8	1 - 12.7 (g/100g)
	Bainne leantach	3	2.9 - 4.3 (g/100g)
	Forbhianna Corpforbarthas	15	<0.4 - 11.6 (g/100g)
Feolta Próiseáilte (Putóga)	8	2.5 - 16.1 (g/100g)	
AND*	Ispíní /Feoil mhionaithe Feoil Burgair, Béilí réamhullmhaithe, Feoil próiseáilte (Putóga)	22	21 Géilliúil 1 Neamh-ghéilliúil
Próitéin	Ispíní	7	8.4 - 12.2 (g/100g)
	Feol mionaithe/Mairteoil	5	17.9 - 20.7 (g/100g)
	Feol burgair	2	12.6 - 14.3 (g/100g)
	Béilí Réamhullmhaithe	8	6.1 - 11.0 (g/100g)
	Bia linbh	16	2.4 - 12.4 (g/100g)
	Foirmí naíonáin gránbhunaithe	8	2.5 - 13.9 (g/100g)
	Bainne leantach	3	1.3 - 1.5 (g/100ml)
	Forbhianna Corpforbarthas	16	0.1 - 90 (g/100g)
Ilghnéitheach (Putóga)	6	7.6 - 10.9 (g/100g)	
Paraiméadair	Cineálacha bia agus 'rl.	Samplaí Tástáilte	Samplaí Neamh-ghéilliúil
Bórón, maignéisiam, mangainéis, iarainn, Cóbalt, Copar, Sinc, molaibdéineam	Vitimíní & Forbhianna	3	2**

* Thástáil Saotharlann an Anailísí Phoiblí, Corcaigh é do ADN Eachaí; Bhí AND Bhólachta, Mhucúil agus caorúil san áireamh freisin

** Rangaiodh 2 shampla mar neamh-ghéilliúil de bharr éagsúlacht idir na leibhéil maignéisiam, Copar molaibdéineama bhí ann agus na leibhéil a bhí ar na lipéid.

Achoimre ar Thorthaí na Suirbhéanna ar Fhorbhianna 2013

Suirbhé	Líon Samplach ² A fritheadh	Na paraimeádair tástála agus na torthaí neamh-Ghéilliúlachta ¹							
		Aigéad Fólach	Mianraí/Miotail (Cr, Se, Mg, Fe etc) ³	Irrad ⁴	DMAA ⁵	Saill	Protein	Salann (Na/K)	Lipéadú ⁶
Táirgeoirí Éireannacha ⁷	33	2/22	4/33	1/22	N/T	N/T	N/T	N/T	1/2
Forbhianna chorpffhorbartha a impóirteáladh ⁸	28	N/T	0/28	1/28	0/24	0/15	0/16	0/13	13/28

¹ m.sh is ionann “2/22” agus 2 shampla neamhghéilliúl ó thaobh caighdeán, as an 22 a scrúdaíodh sa pharaimeádair.

² Líon na samplaí cláir i ngach suirbhé ná 30.

³ Na paraimeádair a scrúdaíodh: Cr, Se, Mg, Mn, Fe, Cu, Zn, Ni, As, Pb agus Cd

⁴ Scrúdú Ionradaíochta Bia (PPSL)

⁵ DMAA = démhéitiolaimín.

⁶ Scrúduithe le haghaidh lipéadú Ginearálta, cothaitheachl & PARNUTS

⁷ Tógadh gach sampla ó áitribh 7* táirgeoir Éireannach forbhianna.

⁸ Dhírigh an suirbhé ar forbhianna impóirtáilte amháin.

3.5.2.1 Monatóireacht ar Aigéad Fólach

Scrúdaíodh 43 sampla d'fhoirmle náionáin do leibhéal daingnú aigéad fólach i 2013. Bhí raon de 12-34µg/100kcal sna luachanna d'aigéad fólach cinntithe don ghnáth fhoirmle atá ceadaithe (I.R Uimhir 852 de 2007 raon ceadaithe 10-50µg/100kcal) agus 26-59µg/100kcal don fhoirmle réamh-théarma (ESPGHAN (2010) raon molta: 32-90µg/100kcal). Bhí raon na dtorthaí idir 75 go 294% den luach lipéadaithe; bhí 10 sampla idir 75-100% den luach lipéadaithe, 26 sampla idir 101-150%, 6 sampla idir 151-2005 agus bhí sampla amháin AR 204% den luach lipéadaithe. Tástáileadh 8 mbia scoite grán-bhunaithe agus fuarthas amach go raibh siad sa raon of <8-28µg aigéad fólach/100kcal (leagtar síos uasmhéid de 50µg/100kcal in I.R Uimh. 776 de 2007) , a thagann le 73-141% den luach lipéadaithe. Tástáileadh 22 forlíonta bia/iol-vitimíní le haghaidh aigéad fólach, agus bhí difear suntasach idir an luach lipéadaithe i 2 shampla. Léirigh tuilleadh fiosraithe a rinne an SSC agus an comhlacht a tháirg é ,ar an luach is airde (4000% den luach lipéadaithe), gur earráid foirmlithe ag an chéim táirgíochta a ba chúis leis seo.

3.5.2.2 Forbhianna

Tá méadú suntasach tagtha ar an líon daoine san Eoraip agus in Éirinn atá ag baint úsáide as forbhianna. Clúdaítear na forbhianna seo a úsáidtear i gcomhair le gnáthbhia, faoin dlí faoi Treoir 2002/46 AE mar a leasaíodh, agus a trassúíodh i ndlí na hÉireann faoi na Rialacháin de bharr Rialachán na gComhphobail Eorpacha (Forbhianna) –IR Uimhir 507 de 2007, faoi mar a leasaíodh.

Cuireadh dhá shuirbhé faoi forbhianna i sceideal na gcláir faireachais náisiúnta FSS tar éis d'Oifigigh Sláinte Comhshaoil FSS , na hoifigigh údaráithe don reachtaíocht forbhia , riachtanas a aithint. Tá an raon de na paraimeádair tástála a d'fhéadfadh a bheith ann an-mhór agus aontaíodh an raon a roghnaíodh idir an USBÉ agus an FSS i dtosach do 2013 de réir an comhábhar a liostaíleadh, an baol agus mianach na saotharlainne.

Suirbhé Náisiúnta FSS ar Tháirgeoirí forbhianna:

Dhírigh na hOifigigh Sláinte Comhshaoil ar 7 dtáirgeoir Éireannach do shamplaí an tsuirbhé seo (féach na torthaí sa Tábla thuas) .Aimsíodh 8 neamh-ghéilliúlacht (I 7 sampla) bhí an iomraca aigéad fólach i bpéire, bhí neamhréiteach idir an luach ar an lipéad agus an luach cinntithe do mhianraí , ní raibh ionradaíocht bia luaite ar an lipéad ar shampla amháin agus bhí ceann amháin neamh-ghéilliúil ó thaobh na riachtanais lipéadaithe de.

Forbhianna chorpffhorbartha a impóirteáladh

Is spreagthach atá i 1,3-démhéitiolaimín (DMAA), tugtar géiranaimín, , meitilfheicsaniolaimín nó démhéitilpeintiolumín a bhfuil gaol aige le amfataimín agus eifidrínn, air freisin. Is féidir leis a bheith i roinnt forbhianna a ndéantar margaíocht topaiciúil orthu mar dhrugaí a chuireann leis an fheidhmiú nó mar tháirgí cailíteanas saille. Chinn FADA na S.A, in Aibreán 2013 go bhféadfadh DMAA a bheith contúirteach agus nach raibh sé cáilithe mar fhorbhia diaiteach dlíthiúil. Thug FADA forláireamh do na táirgeoirí forbhianna agus do na tomhaltóirí go bhféadfadh táirgí ina raibh DMAA

iontu dochar tromhchúiseach a dhéanamh don tsláinte. Tugadh isteach modh litearacha LC-MSMS chun tástálacha a dhéanamh. Níor aimsíodh (<0.2 mg/kg) in aon cheann de na 24 táirge a tástáladh.

Rinneadh go leor forbartha modha sna suirbhéanna forbhianna de bharr gur cruthaíodh go leor deacrachtaí i gcuid de na modhanna tástála de bhrí go raibh raon fairsing samplaí (púdair, olaí, capsúil agus 'rl) i gceisr. Meastar go leanfar ag déanamh faireachas náisúnta ar fhorbhianna sna blianta atá romhainn agus go ndéanfar tuilleadh forbartha air.

3.5.3 Torthaí Cáilíochta 2011 do Bhreiseáin/Lipéadú/Comhdhéanamh 2013

Is iad ÚSBÉ agus FSS a dhéanann cinneadh ó bhliain go bliain faoin rogha breiseáin a ndéantar monatóireacht orthu. Áirítear i measc na bhfachtóirí - úsáid, baol dul thar iontógálacha laethúla inghlactha (ADIs), agus stair na rioscaí/dtorthaí roimhe sin. Déantar an tástáil le haghaidh monatóireacht i leith comhlíonadh reachtaíochta agus freisin chun sonraí faoina leibhéal agus iontógáil a bhailiú don AE. Léiríonn na torthaí (féach Tábla 3.7) do 2013 go rabhtas ag cloí leis na caighdeáin ag ard leibhéal. Láimhseáillean na hoifigigh údaraithe leis na cásanna neamh-ghéilliúlachta..

Tábla 3.7: Coimriú ar Thorthaí Cáilíochta 2012 do Bhreiseáin/Lipéadú/ Comhdhéanamh 2013

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia agus 'rl	Líon Samplaí Tástáilte & Torthaí		
		Iomlán	Comhlíonadh	Neamh-chomhlíonadh
Breiseáin				
Dé-ocsaíd Sulfair (Sulfít)	Féach na sonraí ar Thábla 3.3, Ailléirgíní Bia			
Nítrít & Níotráits ¹	Feolta leasaithe (50), Ispíní (43), Faoi sháile (15), Putóg Bán (2), Luan Muice (1) & Meascáin Picile (1)	112	93 ³	14 ²
Ionradaíocht Bia ⁴ 1) Scagadh Ionrais fota-spreagtha 2) Tástáil Deimhneitheachta (TL)	Luibheanna/Spiasraí (11), Vitimíní/Forbhianna (26), Forbhianna Chorpfhobbartha (26), Síolta (1), Núdail (1), Blastanais (5), Torthaí/Glasraí (1)	71	71	0
	Forbhianna (3)	3	1	2
Tástáil Déiríochta ⁵	Táirgí Déiríochta (Cáis, íogairt, im, uachtar agus 'rl)	14	5	9 ⁶
Lipéadú Ginearálta	Bia éagsúil pacáistaithe	320	216	104
Láidreacht Alcóil	Biotáille ar thomhais tigh ósta	20	18	2
Innéacs Thag/Solaid intuaslachta	Subh, anlann	2	2	0
Stáirse (léiríonn úsáid líontóir gránaigh)	Feoil mhionaithe /Mairteoil agus 'rl	20	20	0

¹ Tá an t-údarú agus na teorainneacha leagtha síos in Iarscríbhinn II Cuid E de Rialachán (AE) Uimh 1333/2008 arna leasú ag Rialachán (AE) Uimhir. 1129/2011. (Roimh Meitheamh 1st 2013: Ionstraim Reachtuil Uimhir 40 de 2008 (Treoir 2006/52/AE).

² Cinníodh go raibh Sóidiam Nítraít/Sóisiam Nítríte i 14 sampla easnacha muiceola (ba samplaí leantacha 3 shampla as an 14 sampla a ndearnadh anailís orthu).

³ Bhí 5 sháile gan an sonrú (ní bhaineann aon teorainneacha reachtúla go díreach le sáile).

⁴ Ceadaítear ionradaíocht a dhéanamh ar luibheanna, spiasraí agus blastanais glasraí faoi I.R 297 de 2000. Ní mór é seo a léiriú ar an mbia ionradaithe. B'éigean tástálacha deimhniúcháin a dhéanamh ar 3 shampla (TL, Tástáil teirmealonracha le SUERC, Alba)

⁵ Tástálacha Athraitheach: ALP (éifeacht "Paistearadh", Substainí Thoirmeasctha (Tástáil Delvo), FPD/Uisce coimthíoch, Lipéadú Ginearálta agus 'rl. Ba táirgí impórtáilte iad formhór na samplaí.

⁶ Bhí an 9 shampla seo neamhghéilliúl ó thaobh lipéadú/cur i láthair.

Lipéadú Ginearálta

Cónascann Ionstraim Reachtúil Uimh. 483 de 2002 reachtaíocht lipéadú earraí bia go ginearálta. Tá forbhreathnú ar reachtaíocht um lipéadú agus gnáthaimh fhorfheidhmiúcháin srl léirithe i bhfoilseachán ÚSBÉ (The Labelling of Food in Ireland – FSAI 2007). <http://www.fsai.ie/assets/0/86/204/5dfb809a-7902-4f03-bb6a-6e25a5a09736.pdf>.

Chríochnaigh an Coimisiún Eorpach próiseas comhairliúcháin ar athchóiriú na reachtaíochta Eorpaigh um lipéadú bia i mí Dheireadh Fómhair i 2011 agus foilsíodh Rialachán (AE) 1169/2011 ar “Eolas faoi bhia a sholáthar do thomhaltóir” mar thoradh ar seo. Is athdhréachtú iomlán atá ann ar rialacha lipéadaithe cothaitheach agus tá teoracha san áireamh ann maidir le riachtanais lipéadaithe nua ar leith mar shampla lipéadú éigeantach faoin gcothaitheach maraon le iachall a bheith ar lipéad “tír thionscnaimh” a bheith ar fheol eile agus ní ar mhairteoil amháin; beidh ana forálacha a bhí sna sean Rialacháin lipéadaithe i bhfeidhm ar dhíolacháin ar an idirlíon mar shampla agus ar fhógraíocht shealadach (m.sh clár bán). Tiocfaidh formhór d’fhorálacha na reachtaíochta seo i bhfeidhm ar an 13 Nollag 2014 agus meastar go mbeidh gá le níos mó monatóireachta ar an ngéilliúlacht lipéadaithe thart fán am sin.

Beidh feidhm leis na riachtanais maidir le lipéadú bia a díolfar gan réamh-phacáistíocht ó thaobh ailléirgíní a bheith iontu, ar an dáta seo. Beidh ar ghnólachtaí bia athrú cleachtais a chur i bhfeidhm agus beidh reachtaíocht de dhíth ón stáit faoin conas an t-eolas seo a roinnt maraon le conas a chuirfear i bhfeidhm é sa tír seo.


Scrúdaíodh 320 sampla anseo i 2013 maidir le cloí leis an reachtaíocht lipéadaithe agus rangáíodh 104 sampla mar neamhghéilliúl. Baineann go leor de na fadhbanna le bia

as Oirthear na hEorpa agus bianna próiseáilte “eitneach” eile de bharr nach raibh an lipéadú i nGaeilge nó i mBéarla, le heaspaí lipéadú ar an Dearbhú Cainníochtúla comhábhair (QUID), agus ó cheisteanna maidir le lipéadú earraí bia a dhéanann gaisce cothaitheach agus/nó sláinte nach gceadaítear faoi théarmaí an Rialacháin (AE) 1924/2006.

3.6 Gearáin faoi bhia

Tagann samplaí gearáin chun cinn nuair a fhaigheann tomhaltóirí truailliú, inmhiólú, lotamas, ábhar seachtrach, boladh nó lochtanna eile ar bhianna. Déantar gearáin de ghnáth leis an tseirbhís OSC nó le ÚSBÉ. Tagann roinnt gearán as tarlúintí nimhiú bia (scrúdaítear na samplaí seo den chuid is mó i saotharlanna Micribhitheolaíocht Bia, ach d’fhéadfadh go dteastódh tástáil cheimiceach freisin. De ghnáth bíonn ábhar coimhthíoch i láthair sna samplaí gearáin a phróiseáiltear sa saotharlann seo ar nós feithidí, ribí/snáithíní, ‘smionagar’ gléasra, plaisteach, gloine, miotal, gnáthdhusta/ábhar neamhaitheanta nó boladh/blas aisteach ar an mbia. Fiosraíodh 97 sampla gearáin ar fad anseo i 2013, fuarthas 86 gearáin ó na seirbhísí OSC ar fud na tíre agus 11 gearán ón phobal. Eisíodh 51 (52.6%) tuarascáil dímholta as an 97 sampla.

In Agusín 2 tugtar briseadh síos, de réir catagóra bia, ar na gearáin bia a tháinig isteach, de réir cineálacha bia ó Sheirbhís Shláinte Chomhshaoil FSS (iomlán 86). Tá laghdú tagtha ar líon na ngearán bia chuig an saotharlann seo ón meán rialta de thart ar 230 sa mbliain (1999-2003) go meán 127 (2004 – 2013). Níltear cinnte céard is cúis leis an laghdú seo ach b’fhéidir go bhfuil na miondíoltóirí níos fearr ag déileáil leis na gearáin Ní sheasann na gearáin bia a thagann isteach ach do chéatadán an-bheag den ábhar bia uilig a itear inár réigiún.



3.7 Tuarascálacha ar Fholáirimh (RASFF) agus Guaiseanna/Éilliú Bia

Gníomhaítear Córas Mear-Rabhaidh Bia agus Beathú an AE (RASFF) nuair a thuiriscíonn ballstát mórthruailliú/riosca a bhaineann le baisc bia nó beathú. Tá Tuarascáil Fógartha RASFF an AE DO 2013 ar fáil anseo:

http://ec.europa.eu/food/safety/rasff/docs/rasff_annual_report_2013.pdf. Tá achoimre na bhfógartí RASFF do 2013 de réir an aicme guaise thíos:

Grúpa Guaise/Riosca	Líon na bhFógartí 2013
Bia: Guaiseanna Ceimiceacha agus Fisiceacha ¹	2,153
Bia: Guaiseanna Micribitheolaíochta ²	854
Bia: Guaiseanna/Rioscaí eile ³	178
Guaiseanna Beathú Ainmhithe ⁴	14

¹ *míceatocsainí, Miotail thromá, Lotnaidicídí agus Iarmhair Tréidliachtas, Breiseáin & Blastáin Bias, Ailléirgíní, biotocsain mara, OGM-anna, Earraí coimhthíocha, Radaíocht, Eascnaimh ó ábhair teagmhála bia, Comhsuíomh, Truailitheoirí & Bith-thruailitheoirí Truailimheascadh & Calaois agus 'rl.*

² *Mion-orgáinigh pataigineach, TSE-anna, Seadáin, Truailliú mion-bitheolaíochta eile.*

³ *Gan go leor srianta, Lipéadú in easnamh agus 'rl., Pacáistiú lochtach, easnaimh orgánaileipteach, eile.*

⁴ *Breiseáin Mine.*



Ba iad na príomh ceisteanna a pléadh i 2013 (breis agus 400+ fógartí an ceann) ná: mion-tocsainí, iarmhair Lotnaidicídí agus mion-orgáinigh pataigineacha, ceisteanna rialta agus a tharla arís eile a bhí iontu. Tharla móreachtra RASFF i 2013 nuair a aimsíodh truailliú bia capaill i, dtáirgí mairteola agus bhí breis agus 500 fógra ann i 2013. Bunaíodh clár monatóireachta nua um chalaois bia faoi scáth an AE 2013(Moladh an Choimisiúin 2013/99/AE) atá leagtha amach le heolas faoi chalaois bia a aimsiú agus a roinnt. Aimsíodh an truailliú le bia capaill i dtáirgí mairteola a bhí le díol ag miondíoltóirí in Éirinn i dtosach ag deireadh 2012 i suirbhé ÚSBÉ; rinneadh an anailis seo le cúnamh na teicneolaíochta ADN (Féach: <https://www.agriculture.gov.ie/media/migration/publications/2013/EquineDNAreportMarch2013190313.pdf> le haghaidh níos mó eolais).

Eisíonn an saotharlann Tuarascálacha um Ghuais/Éilliú Bia chuig an tseirbhís OSC agus ÚSBÉ nuair a meastar go bhfuil mórthruailliú i gceist. Nuair a dhéanann an ÚSBÉ staidéar air, b'fhéidir go n-eiseofaí Rabhadh Bia (chuig an AE) ag brath ar a dtuairim faoin riosca. D'eisigh an saotharlann 12 Guais Bia/Tuairiscí Truailithe i 2013, a raibh baint ag na nithe seo leo; an iomarca dé-ocsaíd sulfair agus/nó nár fógraíodh é i líonadh pióg úll (1), in ispíní (1) i sceallóga úra (1), dé-ocsaíd neamh-cheadaithe i gcairídí agus i meacain bhána mionaithe (1), an iomarca sóidiam níotráit agus nítrít in easnacha muiceola (4); an iomarca sóidiam nítrít in easnacha bagúin (2), ubh neamhfhógartha i bpúdair anlainne "saor ó ubh" agus i rollóg eilbhéiseach (1).

Tá achoimre de na Guaiseanna Bia/Tuairiscí Truailithe a heisíodh ón saotharlann seo thíos:

2013	11	2008	7
2012	12	2007	24
2011	11	2006	26
2010	11	2005	23
2009	14	2004	16

4. UISCÍ/EISILTIGH

4.1 Réamhrá

Tá an-tionchar ag caighdeán an uisce bíodh sé le haghaidh ól, úsáid ag baile, táirgiú bia nó chun críche siamsaíochta ar an tsláinte. Is féidir le huisce ar dhrochchaighdeán a bheith ina údar galair agus is féidir leis cur leis na rátaí cúlra de ghalair a feictear ag tréimhsí ama difriúla. Cuidíonn beartas le sábháilteacht uisce leis an sláinte poiblí chomh maith le forbairt soch-eacnamaíochta agus leas a chothú freisin. Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce le nÓI) 2007, (I.R. Uimh. 278 de 2007) ról údarais maoirseachta don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar na soláthairtí uisce poiblí agus soláthraíonn cumhachtaí forfheidhmiúcháin lena chinntiú go ngníomhaítear nuair atá caighdeán uisce óil poiblí easpach. Tá an EPA i bhfeighil comhordaithe agus feidhmithe an Chreat Treoir Uisce (WFD). Is é an aidhm atá ag an WFD ná gach uisce ar ard stádas a chosaint, meathlú eile ar gach uisce a chosc agus uisce dromhcla agus talún díghrádaithe eile a chur ar ais ar dea stádas fá 2015.

Ní mór monatóireacht rialta a dhéanamh ar gach soláthar uisce chun a chinntiú go mbaintear na caighdeáin uisce óil náisiúnta agus AE amach. Ní mór monatóireacht rialta a dhéanamh ar gach soláthar uisce lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin náisiúnta agus AE i leith uisce óil. Tá minicíocht monatóireachta leagtha síos go dlíthiúil sna rialacháin, agus braitheann an t-íosmhéid minicíochta monatóireachta an uisce óil ar cé chomh mór agus atá an soláthar atá i gceist.


Níl sna gnéithe ceimiceacha d'uisce ach píosa amháin den sábháilteacht uilig a bhaineann leis. Is gnéithe miocróbacha agus gnéithe raideolaíochta iad na gnéithe eile. Tá breis eolais faoi gach gné de shábháilteacht uisce óil le fáil ar shuíomh gréasáin GCC ag www.epa.ie

Eascraíonn na ceisteanna sláinte a bhaineann le comhábhair cheimiceacha in uisce óil go príomha de bharr gur féidir leis na hábhair cheimiceacha dochar a dhéanamh don tsláinte má bhíotar nochtaithe dóibh tamall fada.. Níl ach fíorbheagán comhábhar ceimiceach uisce a chruthaíonn fadhbanna sláinte de bharr nochtaithe amháin, seachas nuair a tharlaíonn ollthruailliú i soláthar uisce óil de thimpist. Feictear go minic, ach ní i gcónaí, nuair a tharlaíonn sé seo nach féidir an t-uisce a ól de bharr go mbíonn drochbhlás, drochbholadh agus drochchuma air.

4.2 Bainistiú Uisce Óil

D'aistrigh an Acht um sheirbhísí Uisce Act 2013 agus an tAcht (Uimh 2) um sheirbhísí uisce cúraimí an tsoláthair uisce ó 1000 soláthar uisce a bhí faoi na húdarais áitiúla chuig Uisce Éireann, an t-údarás náisiúnta nua seirbhísí uisce ón 1 Eanáir 2014. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Uisce Éireann ag www.water.ie

Tá Uisce Éireann freagrach, ó Eanáir 2014, as táirgeadh, dáileadh agus monatóireacht an uisce óil le haghaidh 82.0% den daonra. Faigheann fuilleach an daonra (18%) a gcuid uisce ó grúpscéimeanna uisce (6.6%) ó sholáthairtí bheaga phríobháideacha (0.8%) agus ó thuibreacha príobháideacha (10.6%). Is ar chrann an bhainisteora / an oibreora a thiteann mianach an uisce don 18% seo den daonra agus is ar chrann na n-údarais áitiúla a thiteann an cúram monatóireachta soláthair. Tá eolas fúthu seo agus fao cheisteanna uisce eile (i.e. táillí, caomhnú agus 'rl) ar fáil ar an suíomh Faisnéis do shaoránaigh ag www.citizensinformation.ie



4.3 Foinsí na Samplaí 2013

Fuair an saotharlann 6,994 sampla uisce ar fad i 2013. Bhí samplaí uiscí óil, uiscí snámha, uiscí linnte, eisilítí, samplaí haema-scagdhealaithe agus samplaí ilghnéitheacha ina measc. Rinneadh níos mó ná 100000 tástálacha ar na samplaí seo. Ba uiscí óil formhór na samplaí a ndearnadh anailís orthu chun a fháil amach an raibh siad ag cloí le Rialachán na gComhphobal Eorpacha (Uisce Óil) 2007, I.R 278 de 2007. Fuarthas samplaí ó mhórán fhoinsí, faoi mar a léirítear ar Thábla 4.1.

Table 4.1 Foinse na samplaí a fuarthas i 2013

Foinse	Líon
Gaillimh (FFS)	552
Comhairle Chontae na Gaillimhe	79
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	530
Maigh Eo	1,151
Ros Comáin	256
Tír Chonaill	1,675
Sligeach/Liatroim	346
Tiobraid Árann Thuadh	553
An Clár	348
Luimneach	429
Haema-scagdhealú(Ospidéal)	514
Príobháideach	546
Ilghnéitheach	15
IOMLÁN	6,994

4.4 Caighdeán Uisce

Ní féidir léargas cruinn a fháil ar an gcaighdeán ina iomláine gan breathnú ar an gcaighdeán baictéareolaíoch agus ar pharaiméadair breise ceimiceacha atá foilsithe ag an GCC.

D'fhoilsigh an Eagraíocht Sláinte Domhanda (ESD) Straitéis maidir le Caighdeán agus Sláinte Uisce, 2013-2020. Is bainistiú caighdeán an uisce ó thaobh an sláinte daonna a chosaint agus a chothú an aidhm is mó atá aige.

Léiríonn an tástáil a dhéanann an saotharlann seo, go bhfuiltear ag cloí a bheagán nó a mhórán leis na paraimeádair a tástáiltear i soláthairtí poiblí go

ginearálta. Is ó fhoinsí príobháideacha a tháinig dhá thrian de na samplaí uisce óil neamhghéilliúil.

Aimsíodh 1,960 sárúcháin i 2013, (as breis agus 100,000 tástálacha) Bhí tríhalaiméatáin ardaithe (THM) i gceist le 250 sárúchán. Is miotail a bhí i gceist i 940 sárúcháin agus bhí sárúcháin neamh-mhiotail i gceist leis an 741 eile, faoi mar a shonraítear ar Thábla 4.4 agus 4.5. Bhí roinnt de na samplaí neamhghéilliúil do níos mó ná paraimeádar amháin rud a fhágann 1960 sárúchán as 1,175 sampla i 2013 agus bhí níos mó ná leath díbh as foinsí príobháideacha.

Bunaithe ar staidéir eolaíochta, rangaigh an ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um thaghde aise (IARC) truailitheoirí uisce i 5 ghrúpa bunaithe ar a gcarcanaigineacht mar atá léirithe i dTábla 4.2. Is féidir torthaí an IARC, maraon le go leor foilseacháin eile a fheiceál ar www.iarc.fr. Tógann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) rangú IARC san áireamh agus iad ag déanamh cinneadh faoi luachanna na dtreoirilínite do chaighdeán uisce óil. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin obair a dhéanann an ESD ar chaighdeán an uisce óil a fháil ag www.who.int

Table 4.2 Rangú IARC ar thruailitheoirí uisce

Grúpa	Rangú
1	Carcanaigineach don duine
2A	Is dócha go bhfuil carcanaigineach don duine
2B	B'fhéidir go bhfuil carcanaigineach don duine
3	Ní féidir a charcanaigineacht don duine a rangú
4	Is dócha nach bhfuil carcanaigineach don duine

4.5 Fluairídiú ar Sholáthairtí Uisce Poiblí

Tá fluairíd i dtimpeall 0.3% de screamh an domhain. Úsáidtear go forleathan é i bhfluairídiú soláthairtí uisce, i bhformhór na n-ainéistéitic ghinearálta, i mbratú in aghaidh frithchaitheamh, in antaibheathacha, i gcórais cuisniúcháin agus aerchóiriúcháin. D'fhéadfadh sé gur bun eilimint riachtanach é don duine cé nach bhfuil sé seo léirithe go deimhneach.

Tá Fluairíd á chur sna Soláthairtí Uisce Poiblí in Éirinn ó Iúil 1964 de bhrí gur beartas sláinte poiblí ar chostas íseal é atá

sábháilte do shláinte an duine agus a théann chun leasa gach aicme sa sochaí agus nach mbaineann srianta sóisialta leis. Rinneadh suirbhéanna ar bhonn rialta chun éifeachtúlacht an fluairidithe uisce sa stáit a thomhais. I measc na suirbhéanna bhí : Suirbhé náisiúnta ar shuirbhé déidliachta na bPáistí 1984; Suirbhé náisiúnta ar Shláinte Béil Daoine Fásta 1990; Suirbhéanna Réigiúnacha ar Shláinte Béil Páistí 1990-1999; Suirbhé náisiúnta ar Shláinte Béil Daoine Fásta 2001

Suirbhé Uile –Eireannach ar Shláinte Béil Páistí 2002 (bhí comparáid leis na leibhéil cáiréas i dTuaisceart éireann mar chuid de) agus Staidéar Tras-teorainn ar thionchar an ffluairidithe uisce ar dhaoine a bhí 16 bliain d'aois, 2006. Léirigh gach staidéar go ndeachaigh an fluairidiú go mór chun leasa an tsláinte béil agus gur laghdáíodh lobhadh fiacla dá bharr. Tá an Sainchomhlacht Éireannach ar Fluairidí agus ar Shláinte den tuairim go dtéann an fluairidú uisce go mór chun leasa an tsláinte déidliachta. Tá an Sainchomhlacht sásta, tar éis an fhianaise eolaíochta reatha a ndearna comhghleacaithe staidéar orthu nach ndéanann fluairidiú uisce , ag an mbarrleibhéal aon dochar agus gur é an bealach is éifeachtaí agus is sábháilte le sláinte béil gach aoisghrúpa a chosaint. Tagann gníomhaireachtaí idirnáisiúnta iontaofa agus altanna eolaíochta iontaofa leis na tuairimí seo. D'fhoilsigh Iris Chumainn Déidliachta na hÉireann alt breise faoin bhfluairidiú i Meitheamh/Iúil 2012 agus thug sé súil siar ar 50 bliain an Ffluairidithe in Éirinn.

D'eisigh an ESD, uas threoirlíne de 1.5mg/l do fluairid in uisce óil i 1984. athdhearbháíodh an luach seo i 1993 agus arís i 2011. tuairiscíonn an ESD go bhfuil breis agus 200 milliún duine i 39 tír ag baint leasa as uisce óil atá á ffluairidiú go saorga.

Tá baint ag dhá phíosa reachtaíochta leis an leibhéal fluairid in uisce óil; Sonraíonn Rialacháin Fluairidiú Soláthairtí Uisce 2007, (I.R. Uimh. 42 de 2007), raon tiúchana 0.6mg/L in aghaidh 0.8mg/L Fluairide. Faoi réir na Rialachán freisin, caithfear monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal Fluairide sna soláthairtí sin a gcuirtear Fluairid iontu ag tráthanna nach mó ná mí féilire. Déanann an saotharlann seo an tástáil míosúil oifigiúil le haghaidh fluairide ar na soláthairtí fluairidithe uilig sa réigiún.. Tá na torthaí in Agusín 5. Déanadh anailís fluairide ar 1,106 sampla uisce óil i 2013.

4. Neamh-mhiotail in Uisce le nÓI

Tá achoimre ar thorthaí 2013 i dtáblaí 4.3 agus 4.4.

4.6.1 Comhdhúile Orgánacha Soghalaithé (VOCs)

Tá an díghalrú fíorthábhachtach i gcóireál uisce óil agus tá dlúthbhaint aige i scaipeadh galair thógálacha a iompraítear san uisce. Is féidir le fo-tháirgí díghalraithe (DBP) a bheith mar thoradh ar úsáid ceimiceáin díghalraithe. Is é an clóiríníú an modh díghalraithe is coitianta a úsáidtear in Éirinn agus déantar é a rialú go príomha chun foirmiú DBP a stopadh .Tá aicme amháin de na DPB-anna ina Comhdhúile Orgánacha Soghalaithé. I measc na gcomhdhúile seo tá Tríhalaiméatáin (THMs), Beinséin 1,2, Déchlóireatán, Tríchlóireitéin agus Teitreaclóireitéin Ní comhdhúile nádúrtha iad THMs (Clóraform, Brómaidhéchlóraimeatán, Débhrómaclóraimeatán agus Brómaform). Is fotháirgí iad den phróiseas díghalraithe, mar thoradh ar an imoibriú idir an clóirín atá curtha san uisce agus ábhar orgánach a d'fhéadfadh a bheith san uisce go nádúrtha. Tá ceangal díreach idir idir an méid dath atá ar an uisce sula ndéantar an clóiríníú agus an tiúchán THM tar éis an chlóirínaithe.

Cé go láimhseáltar na DPB thuas faoi na Rialacháin Uisce Óil 2007 (I.R 278 de 2007), tá baicle eile DPB-anna ,Aigéid halo aicéiteach bainteach le clóirín, ina n-údair imní anois cé nach luaitear iad sna Rialacháin uisce óil 2007 cé go bhféadfadh siad a bheith san áireamh i Rialacháin amach anseo.

D'fhéadfadh leibhéil arda d'ábhar cáithnínach agus orgáineach a bheith in uisce amh de bharr go dtagann an chuid is mó den soláthar uisce in Éirinn ó fhoinní uisce dhromchla agus go bhféadfadh uisce dhromchla tionchar a imirt orthu.

Is féidir le báisteach throm nó tuilte níos mó tionchar a imirt. Eascríonn THM-anna de bharr réamhchóireáil uisce nach bhfuil sásúil agus/nó an próiseas díghalraithe féin atá rialaithe go dona. Brathanna foirmiú na THM-anna ar athróga éagsúla; tiúchán agus an cineál ábhar orgáineach atá san uisce am, am teagmhála an chlóirín, iarmhair an tiúchán clóirín san uisce agus ar pH agus ar theocht an uisce. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí barr scagachán agus téachta sula ndéantar an díghalrú le foirmiú THM a chosc.

Baintear úsáid as an clóirín mar iarmhair díghalraithe seasmhach chun caighdeán an uisce sa ngréasán dáiliúcháin a chaomhnú freisin agus ní mar bhun díghalrú i gcóireál an uisce. Cé go bhfágann an tréith seo sa chlóirín é níos feiliúnaí mar díghalrú ciallaíonn sé freisin gur féidir le foirmiú DPP tarlú de bharr go mbíonn níos mó am teagmhála aige le hábhar orgáineach nár baineadh as le linn na cóireála, fós san uisce. Is féidir tuilleadh clóirín a chur isteach chun tiúchán iarmhair

sásúil a choinneál ar fud an chóras dáiliúcháin agus ag na pointí deiridh ach go h-áirithe. Ní hionann teocht agus pH an uisce óil ar fud na soláthair nó ó sheasúr go séasúr. Ní an rialú is fearr á dhéanamh ar na toscaí seo go léir chun go mbeadh an méid is lú THM ann. Is é an Clóraform an THM is coitianta agus an fo-tháirge díghalraithe is mó in uisce óil clóirínithe. Má bhíonn bróimídí ann, cruthaítear THMs bróimínithe go fabhrach, agus laghdaíonn na tiúcháin clórafoirm dá réir.

Rangaíonn IARC Clóraform agus Brómaidhéchlóraimeatán mar ghníomhaithe 2B, agus Brómaform agus Débhrómaclóraimeatán mar ghníomhaithe de Ghrúpa 3. Tá luach paraiméadrach sláinte-bhunaithe 100µg/L leagtha síos ag an AE do THMs (I.R. Uimh. 278 de 2007). Tá luachanna treoirlíneacha leagtha síos ag an EDS: 300 µg/L do chlóraform, 100 µg/L do brómaform, 100 µg/L do débhrómaclóraimeatán agus 60 µg/L do bhrómaidhéchlóraimeatán.

Tá achoimre ar thorthaí 2013 ar Thábla 4.3. Tá torthaí arda ann mar gheall ar anailís arís agus arís ar líon áirithe soláthairtí uisce.

Table 4.3 Torthaí Tríhalaimeatán 2013

Torthaí Tríhalaimeatán (µg/L).							
Raon Tiúchana	≤ 10	11-50	51-100	101-150	151-200	201-300	> 300
Líon Samplaí	117	217	230	124	66	43	17

Úsáidtear trichlóireitín go príomha i ndíbhealú miotail. Scaoiltear amach san atmaisféar é den chuid is mó, ach d'fhéadfadh sé freisin go ligfí isteach i screamhuisce é nó, cé go scaoiltear amach in uisce dromchla eisiltigh tionsclaíoch é go fíorannamh. Is iad na cúiseanna is mó le truailliú screamhuisce ná drochlámhseáil agus diúscairt mhíchuí ar thrichlóireitín i líonta talún. Úsáidtear teitreaclóireitín go príomha mar thuaslagóir sa tionscal tirimghlantacháin agus ar leibhéal níos lú mar thuaslagóir dibhealaithe. Tá sé forleathan sa timpeallacht agus bíonn rian de in uisce, in orgánaigh uiscíoch, san aer, in earraí bia agus i matáin an duine. D'fhéadfadh teitreaclóireitín díghrádú ina chomhdhúile níos nimhní i screamhuisce anaeróbach, ag áireamh clóiríd vinile. 1,2 Úsáidtear Déchlóireatán 1,2 mar idirmheánach i dtáirgeadh clóiríd vinile agus ceimiceáin orgánacha eile. Tá Beinséin i bpeitрил, agus is astuithe feithiclí is mó is cúis leis an mbeinséin sa timpeallacht. D'fhéadfadh go mbeadh beinséin in uisce óil de bharr eisiltigh tionsclaíoch agus truailliú atmaisféir. Úsáidtear Beinséin go príomha i dtáirgeadh ceimiceáin orgánach eile. Tá torthaí 2013 do na paraiméadar seo i dTábla 4.4.



4.6.2 Amóiniam

Tagann an amóiniam sa timpeallacht as próisis mheitibileacha, talmhaíochta agus tionsclaíochta agus as díghalrú le clóramíní. De ghnáth bíonn na leibhéil nádúrtha i screamhuisce agus uisce dromchla níos lú ná 0.1 mg/L. Leagann an AE luach paraiméadrach de 0.50mg/L d'uisce óil, ach tá teora níos déine de 0.30mg/L leagtha síos sa Reachtaíocht Éireannach (I.R. 278 de 2007). Má bhíonn leibhéal amóiniam níos airde ná an luach paraiméadrach ann d'fhéadfadh gur truailliú baictéarach, séarachais nó salachar ainmhithe atá i gceist. Is é an tairseach do thiúchan bolaidh amóiniam ag pH ailcealach ná thart ar 1.5 mg/L. Níl luach treoirlíneach sláinte-bhunaithe eisithe ag an EDS d'amóiniam in uisce óil, mar nach dtugtar faoi deara tionchair thocsaineolaíochta ach ag nochtadh os cionn 200mg/kg de mheáchan coirp. Tá amóiniam áfach in ann cur as d'éifeacht díghalraithe, a bheith ina chúis le nítrít i gcórais dáileacháin, mar chúis le loiceadh scagairí a fhaigheann réidh le mangainéis agus a bheith ina chúis le fadhbanna bolaidh agus blas. Ba shamplaí príobháideacha 93% de na cinn a bhí os cionn an leibhéil cuí i 2013

4.6.3 Clóiríd

Tagann an clóiríd a bhíonn in uisce óil as foinsí nádúrtha, as séarachas agus eisiltigh tionsclaíocha. Is é an bealach is mó a nglacann daoine clóiríd ná tríd an salann a chuirtear i mbia. Níl treoirlíne do chlóiríd in uisce óil eisithe ag an EDS mar nach bhfuil aon imní sláinte ann faoin tiúchan a bhíonn ann, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh blas ar an uisce áfach ag leibhéil os cionn 250 mg/L. Aimsíodh 13 sárúchán i 2013. Bhí 10 sárúchán i samplaí príobháideach agus ba ó sholáthar poiblí an 3 shampla eile.

4.6.4 Clóirín

Is é an clóirín an díghalrán is mó a úsáidtear do dhíghníomhú pataiginí uisce iompartha i soláthairtí uisce óil agus is dóigh san am atá caite gurb é is mó a chuidigh le cosaint sláinte phoiblí na dtomhaltóirí. Ní díreach mar phríomh-díghalrán a úsáidtear clóirín i gcóireáil uisce mar go gcuirtear leis freisin é mar iarmhar díghalraithe le huisce dáileacháin a chaomhnú. D'fhoilsigh an ESD mion-eolas faoi fhoirmiú DPB in uisce óil agus cé go molann siad go mba chóir na leibhéil DPB in uisce óil a choinneáil chomh híseal agus is féidir (mír 4.6.1), leagann siad an bhéim ar shábháilteacht mhicróbach an uisce óil i gcónaí agus go gcaithfeadh tús áite a thabhairt do díghalrú éifeachtach chun galair thógálacha a iompraítear ar an uisce a chosc seachas ar iarrachtaí na teorainneacha reachtúla DPB a bhaint amach.

Níl aon teorainn reachtúil leagtha síos do na leibhéil clóirín in uisce óil, ach go gcoinnítear leibhéal an chlóirín iarmharach i sconná an tomhaltóra idir a bheith inghlactha don tomhaltóir agus a bheith fós ina dhíghalrán. Déantar anailís do chlóirín iarmharach ar shamplaí a mbíonn boladh clóirín orthu. Cé go raibh >1.0mg/L clóirín saor in 18 sampla agus >1.0mg/L clóirín iomlán i 2 shampla, níor sháraigh ach 3 shampla luach troirlineach an ESD de 5.0mg/L clóirín.

4.6.5 Dath

Níor cheart go mbeadh aon dath ar uisce óil in dáiríre. De ghnáth is mar gheall ar ábhar orgánach daite (aigéid húmasacha agus fulvic is mó) a bhaineann leis an gcuid húmasach d'ithir go mbíonn dath ar uisce óil. Tá baint mhór freisin ag láithreachtaí iarainn agus miotail eile leis. Níl aon luach treoirlineach sláinte-bhunaithe ón EDS ann do dhath, cé go n-úsáidtear an leibhéal 20 mg/L Pt-Co de ghnáth. Bhain breis agus leath na cinn a bhí os

cionn an leibhéal cuí i 2012 le samplaí príobháideacha. Faoi mar a pléadh cheana (mír 4.6.1) tá ceangal díreach idir méid an dath roimh an chlóiríníú agus an tiúchán THM tar éis an chlóiríníú. Is é an próiseas téachta/dríodraithe an modh is coitianta a úsáidtear le substaintí tuaslagtha daite ar nós aigéid húmasach agus fulbhach a bhaint amach. Léiríodh gur bealach éifeachtach le téachtadh le alúminam agus salainn iarainn é an téachtadh le hábhar orgáineach a bhaint amach. Is é an pointe tosaigh le clóirín a úsáid in uisce amh ina bhfuil alán dath ná tar éis an próiseas téachta/dríodraithe chun na leibhéil DPB a laghdú san uisce deiridh.

4.6.6 Seoltacht/ solaid thuaslagtha

Is éard é seoltacht ná cumas tuaslagáin sruth leictreachais a sheoladh. Is cómhálairt ar fhriotachas leictreachais é Is tomhas mar sin é seoltacht ar na solaid thuaslagtha atá ianaithe in uisce. Is éard é iomlán na solad tuaslagtha ná salainn inorgánacha (cailciam, maignéisiam, potaisiam, sóidiam, décharbónáití, clóirídí agus suilfítí den chuid is mó) agus méideanna beaga d'ábhar orgánach atá tuaslagtha san uisce. Bíonn uisce óil i bhfad níos doibhlasta nuair a shroicheann sé leibhéal TDS atá os cionn 1,000mg/L. Tagann sé seo le seoltacht de timpeall 1,250µS/cm. Bhí leibhéal seoltachta sa bhreis ar 1,250µS/cm i, 19 sampla i 2013, agus ba ó fhoinsí príobháideach 18 sampla. Bhí na leibhéil seoltachta i dtí shampla (uilig as foinsí príobháideacha) os cionn an teorainn AE de 2,500µS/cm.

4.6.7 Cruas/ cruas cailciam

Bíonn cruas in uisce óil mar gheall ar iain éagsúla mhíotalacha ilfhiúsacha tuaslagtha, caitiain cailciam agus maignéisiam den chuid is mó. De ghnáth feictear an cruas tríd an screamh gallúnach a fhágann sé agus teastaíonn go leor gallúnach le rud a ghlanadh. D'fhéadfadh an-éagsúlacht a bheith idir pobail maidir lena nglacadh leis an méid cruas a bhíonn in uisce. D'fhéadfadh uisce le cruas os cionn timpeall 200 mg/L, ag brath ar a idirghníomhaíocht le factóirí eile ar nós pH agus alcaléacht, screamh a fhágáil sna hoibreacha cóireála, sa gcóras dáileacháin agus i dtancanna a bhíonn i bhfoirgnimh. Bhí >200mg/L CaCO₃ i 771 den 1,737 sampla a tástáladh anseo i 2013 contained >200mg/L CaCO₃, bhí >400mg/L CaCO₃ i 118 sampla. Ar an lámh eile, d'fhéadfadh cumas íseal maolánaithe a bheith in uisce bog (ní gá gur uisce bog caitiamhalaraithe é) le cruas níos lú ná 100 mg/L agus a bheith níos creimní do phiopaí uisce. Bhí <100mg/L CaCO₃ i 618 den 1,737

sampla a tástáil anseo i 2013. Tugtar cruas cailciam ar an leibhéal carbónáit chailciam atá san uisce. Baintear leas as chun an Innéacs Langelier a ríomh. Is innéacs é seo chun a dhearbhu an bhfuil sé de chlaonadh ag sampla uisce carbónáit chailciam a leá nó a fhosú. Ní réamhtháscaire creimnigh é i ndairíre. Níl aon Innéacs Tuartha Creimnigh ann le haghaidh gach ábhar agus déanta na firinne, fuarthas torthaí measctha ó innéacsanna bainteach le sáithiúcháin charbonáit chailciam. Ba chóir a thabhairt fé ndeara, ach go h-áirithe, nach meastar gur múnla réamh-mheasta maith sáithiúcháin atá in Innéacs Langelier do chórais copair. Bhí an raon de cruas Cailciam idir <10 go 388mg/L CaCO₃ i 2013

4.6.8 Níotráit agus Nítrít

Is iain nádúrtha iad Níotráit agus Nítrít atá mar chuid den timthriall nítrigine. Is tiúchan íseal níotráite a bhíonn i screamhuisce agus in uisce dromchla de ghnáth, ach gur féidir leis na leibhéil ardú go mór mar gheall ar láisteadh nó sileadh ó thalamh talmhaíochta nó truailliú ó shalachar daonna agus ainmhithe de bharr ocsaídiú amóinia. Is é nítrít an t-idirmheánach in ocsaídiú amóinia go níotráit agus mar sin ceistítear caighdeán an uisce ina mbíonn leibhéal shuntasacha nítríte. Go ginearálta is as na glasraí agus feoil a itear (úsáidtear níotráit mar leasaitheach i gcuid mhaith feolta leasaithe) is mó a fhaigheann an duine níotráit agus nítrít. I gcás naíonna ar bhuidéal, d'fhéadfadh sé gur uisce óil an foinse seachtrach is mó óna bhfaigheann siad níotráit agus nítrít. Tháinig 7 sampla de na sárúcháin níotráite agus 11 sampla de na sárúcháin nítrite ó fhoinsí príobháideacha i 2013.

4.6.9 Boladh

Níl aon bhealach mhaith ag an tomhaltóir le sábháilteacht uisce óil a mheas iad féin, ach beidh tionchar mhór ag na gnéithe sin de chaighdeán an uisce atá siad ábalta a mheas lena gcéadfa (boladh, blas agus cuma) ar a gcinneadh. Cuirtear an bhéim ar uisce óil a sholáthar, atá sábháilte comh maith le bheith inghlactha i gcuma, boladh agus blas. Ní bheidh iontaobh ag an tomhaltóir as uisce nach mbreathnaíonn go maith, agus eascróidh gearáin dá bharr agus níos tábhachtaí fós d'fhéadfadh daoine tosú ag úsáid uisce as foinsí nach bhfuil sábháilte. Is féidir cuma mhaith a chur ar an uisce an chuid is mó den am trí ghnáth phróiseas barrfheabhsuithe ar nós téachtadh, dríodú agus clóiríníú a úsáid. Meastar go bhfuil na táirsigh blas agus boladh sulfít hidrigin in uisce idir 0.05 agus 0.1 mg/L. Is mar thoradh ar an laghdú ocsaigéin agus an laghdú sulfáite de bharr gníomhaíocht baictéarach a bhíonn boladh "uibheacha lofa"

ón sulfáit hidrigin. Is féidir an hidrigin sulfáite a bhaint amach as an uisce le teicnící ar nós aerú, carbóin atá gníomhachtaithe go gráinneach, scagachán agus ocsaídiú. Ní dócha go n-ólfadh duine dáileog díobháileach hidrigin sulfáite in uisce óil agus dá bhrí sin níor eisigh an ESD aon treoir luacha sláinte-bhunaithe i leith hidrigin sulfáite in uisce óil. Bhí boladh eile seachas boladh clóirín as 173 sampla i 2013. Rangáidh an boladh mar a leanas: Gránna (44) sulfíd hidrigin (18), sulfar (14), fuarbholadh (67), seanbhlastiúil (8), Milis (12), céafógach (1), hidreacarbón (6) agus feanól (3). Tháinig 103 de na samplaí neamhghéilliúla fhoinsí uisce príobháideacha.

4.5.10 pH

Cé nach mbíonn aon tionchar díreach de ghnáth ag pH ar thomhaltóirí, tá sé ar cheann de na paraiméadair infheidhme is tábhachtaí ó thaobh caighdeán uisce. Ní mór a bheith fíorchúramach faoin rialú pH ag gach céim den chóireáil uisce le glanadh agus díghalrú sásúil a chinntiú. Maidir le díghalrú éifeachtach le clóirín níor mhór an pH a bheith níos lú ná 8.0, cé go bhfuil seans maith ann má tá an pH níos lú ná 7.0 go bhféadfadh na huiscí a bheith creimneach. Bhí pH < 6.5 i 94 sampla as an 102 sárúcháin agus tháinig 73% de na samplaí ó fhoinsí príobháideacha. Tháinig 5 de na hocht samplaí le luachanna pH >9.5 ó fhoinsí príobháideacha.

4.6.11 Sulfáit

Faightear Sulfáití go nádúrtha i mórán mianraí agus baintear leas astu sa tionscal ceimiceach. Scaoiltear amach san uisce iad i ndríodar tionsclaíoch agus i ndeascáin atmasféarach, ach is san uisce talún is mó a faightear iad agus is ó fhoinsí nádúrtha iad. Bíonn blas feiceálach ar uisce óil ina bhfuil leibhéal ardaithe sulfáití agus is údar purgóideach iad do dhaoine nach bhfuil aon chleachtadh acu orthu. Is é an táirseach blas do sulfáit in uisce óil ná idir 250mg/L do sóidiam sulfáit agus 1,000mg/L do chailciam sulfáit. Bíonn blas sonraíoch in uisce óil ina bhfuil leibhéal ardaithe sulfáite agus is féidir leis tionchar purgóideach a imirt ar thomhaltóirí nach bhfuil aon chleachtadh acu air. Bíonn an táirseach blaiseadh do sulfáit in uisce óil sa raon de tuairim 250mg/L do sulfáit sóidiam go 1,000mg/L do sulfáit cailciam. Níor eisigh an ESD luach treorach sláinte-bhunaithe do sulfáit in uisce óil mar nach údar imní sláinte na leibhéil a faightear san uisce óil, ach, molann an ESD scéala a chur chuig na húdaráis sláinte faoi aon fhoinsé ina bhfuil níos mó ná 500mg/L sulfáit ann de bharr an tionchar gastraistéigeach a eascraíonn as uisce ina bhfuil neart sulfáit ann a ól. Rinneadh anailís ar 14 sampla i 2013 agus bhí raon na dtorthaí ó <10 go 220mg/L

4.6.12 Alcaileacht iomlán

Is bealach é an alcaileacht le cumas uisce nó aon leacht aigéid a neodrú nó a stopadh. Tá an tomhais seo le haigéid a neodrú tábhachtach chun cumas an uisce athruithe tobann sa pH a stopadh. Níor chóir alcaileacht a mheascadh suas le pH. Is tomhais é an pH den túchán hidraigín ian (H⁺) agus léiríonn an scála pH déine buncharachtair nó aigéadacht an tuaslagán ag teocht ar leith. Bíonn éiginnteacht ann uaireanta idir alcaileacht agus pH de bhrí go mbaintear úsáid as an téarma alcaileacht le cur síos a dhéanamh ar choinníollacha pH atá níos mó ná 7 (bunata). I measc na gcomhdhúileacha is tábhachtaí atá in uisce tá carbóinait agus bithcharbóinait. Tá na h-ian carbóinaite in ann imoibriú leis an 2 ian hidraigín agus iad a neodrú agus tá na h-ian hidrea-ocsaíd atá san uisce a neodrú. Tugtar maolánú ar an chumas athraithe pH a chur i gcríoch trí aigéid nó boinn a neodrú. Baineann tábhacht mór leis an alcaileacht go háirithe i gceantair ina bhfuil báisteach aigéadach ina fhadhb. Rinneadh anailís ar 1,731 sampla i 2013.

Bhí raon na dtorthaí ó <10 ó 557mg CaCO₃/L. Bhí < 100mg CaCO₃/L i 427 sampla.

4.6.13 Moirtiúlacht

Bíonn moirtiúlacht in uisce de bharr na gcáithníní a bhíonn ar snámh ann nó an t-ábhar collóideach a stopann tarchur solais tríd an uisce. D'fhéadfadh moirtiúlacht cur as go mór don éifeachtúlacht díghalraithe trí chosaint a thabhairt d'orgánaigh, agus bíonn go leor den chóireáil uisce dírithe ar fháil réidh le hábhar cáithníníeach roimh an díghalraithe. Tomhastar moirtiúlacht in aonaid moirtiúlachta neifiliméadrach (AMN) agus bíonn sé le feiceáil ag an tsúil de ghnáth nuair atá sé os cionn 4 AMN. Le héifeachtúlacht díghalraithe a chinntiú áfach níor chóir go mbeadh moirtiúlacht níos mó ná 1 AMN agus is amhlaidh is fearr é a bheith i bhfad níos lú ná sin. Rud atá fíorthábhachtach ná gur léiriú maith é seo go bhfuil na pataigíní clóirínfhriotaíocha ar nós Cripteaspóiridiam á ndíbirt. Ba samplaí príobháideacha 86 % de na sárúcháin i 2013.

Tábla 4.4 Achoimre ar thorthaí Neamh-mhiotail in uisce óil i 2013

Paraiméadar	Rátú IARC	Luach Paraiméadrach (I.R. 278 de 2007)	Luach Treoiríneach EDS	Lion Samplaí	% Sáruithe
Beinséin	Group 1	1.0 µg/L	10 µg/L	814	0
Tríchlóireatáin	Group 2A	10 µg/L	20 µg/L	814	0
Teitreachlóireatán			40 µg/L		
1,2 Déchlóireatán	Group 2B	3.0 µg/L	30 µg/L	814	0
Boladh	n/a	Inghlactha ag tomhaltóirí agus gan aon athrú as an ngnáth	Inghlactha ag tomhaltóirí	4,027	¹ 173 (4.3%)
Dath	n/a			4,027	² 184 (4.6%)
Moirtiúlacht	n/a			4,023	² 209 (5.2%)
pH	n/a	6.5 – 9.5	⁻⁴	4,013	97 (2.4%)
Seoltacht	n/a	2,500 µS/cm		4,073	3 (0.1%)
Níotráit	n/a	50 mg/L	50 mg/L	4,022	7 (0.2%)
Nítrít	n/a	0.50 mg/L	3.0 mg/L	4,031	11 (0.3%)
Amóniam	n/a	0.30 mg/L	⁻⁴	4,031	88 (2.1%)
Saorchlóirín	Group 3 ³	-	5.0 mg/L	904	⁵ 3 (0.3%)
Clóiríd	n/a	250 mg/L	⁻⁴	102	13 (12.7%)
Iomlán Clóirín	Group 3 ³	-	5.0 mg/L	154	0
Iomlán Cruas	n/a	-	⁻⁴	1,737	n/a
Cruas Cailciam	n/a	-		26	n/a
Iomlán alcaileacht	n/a	-	⁻⁴	1,731	n/a
Fosfáit	n/a	250 mg/L	⁻⁴	14	0

¹ Líon na samplaí nár aimsíodh clóirín ina mboladh.

² Cé nach bhfuil aon luachanna treoiríneacha sláinte-bhunaithe leagtha síos do dhath agus moirtiúlacht, de ghnáth úsáidtear na leibhéil 20 mg/L Pt-Co agus 4.0 AMN (NTU) faoi seach mar luachanna treoiríneacha..

³ Tagraíonn an rangú seo d'fhoclóirít (ceann de tháirgí bhriseadh síos clóirín)

⁴ Níl luach treoiríneach leagtha síos mar nach ábhar imní ó thaobh sláinte iad na leibhéil a bhíonn in uisce óil.

⁵ Líon na samplaí le breis agus 5mg/L saorchlóirín iontu..

4.7 Miotail in Uisce Óil

Tá achoimre de thorthaí 2013 le fáil ar Thábla 4.5.

4.7.1 Alúmanam

Tá alúmanaim ar an dúil miotalach is fairsinge agus cuimsíonn sé timpeall 8% de screamh an domhain. Úsáidtear salainn alúmanaim go coitianta i ngléasraí cóireála uisce mar théachtaigh le hábhar orgánach, dath, moirtiúlacht agus leibhéal na miocrorgánach a laghdú. Díbrítear an Alúmanam ina dhiaidh sin, ach d'fhéadfadh rian de a bheith fágtha san uisce cóireáilte. Níl an luach paraiméadrach 200 $\mu\text{g/L}$ in uisce cóireáilte bunaithe ar shláinte ach go gcoisceann sé íslíú i gcaighdeán uisce (moirtiúlacht agus dath) an líonra dáiliúcháin mar gheall ar shil-leagan hidrocсааídí alúmanaim. De ghnáth ní thagann ach níos lú ná 5% den ionghabháil iomlán alúmanaim a ghlactar isteach tríd an mbéal ó uisce óil. Tá neamhchinnteacht an faoi láthair faoin méid alúmanaim a ghlactar ó uisce óil, rud a bhraitheann ar roinnt paraiméadar, ar nós an méid salann alúmanam atá ann, pH (do speiceasú agus tuaslagthacht alúmanaim), bith-infhaighteacht agus fachtóirí cothaithe.

Ba ó fhoinsí príobháideacha a tháinig 37 de na 89 sárúcháin a taifeadadh i 2013

4.7.2 Antamón

Cruthaítear cóimhiotail an-chrua nuair a chuirtear antamón eiliminteach le copair, luaidhe agus stán agus úsáidtear go minic iad i sáidair in áit luaidhe. Tá an nochtadh iomlán ó fhoinsí timpeallachta, bia agus uiscí óil an-íseal i gcomparáid le nochtadh oibre. Bhí $>5.0\mu\text{g/L}$ antamón i 4 shampla as an 1,262 sampla. Bhí $>20\mu\text{g/L}$ i gceann de na samplaí seo (Luach treoirlíneach an ESD). Ba ó fhoinsí príobháideacha a tháinig an 4 sampla neamh-ghéilliúil.

4.7.3 Arsanaic

Is í an úsáid is mó a bhaintear as Arsanaic agus as comhdhúile neamhorgánacha arsanaice ná mar ghníomhaithe cóimhiotalaithe i ndéanamh trasraitheoirí, léasair agus leathsheoltóirí. Tá tiúchan arsanaice níos lú ná 1 – 2 $\mu\text{g/L}$ in uiscí nádúrtha de ghnáth. Nuair atá sil-leagain de mhianraí suilfítí agus sil-leagain dríodrach ó charraigeacha bolcánacha in uiscí áfach, screamhuiscí go mórmhór, d'fhéadfadh an tiúchan a bheith i bhfad níos

airde. Go dtí seo, ní fheictear go bhfuil arsanaic riachtanach don duine agus baineann a ghéarthocsaineacht go príomha le chomh sciobtha agus a fhaightear réidh leis as an gcolainn. Tá achoimre de thorthaí 2013 le fáil ar Thábla 4.5. Ní mór a lua gur ó shamplaí príobháideacha a tháinig 45 de na sárúcháin.

4.7.4 Bórón

Úsáidtear comhdhúile bóróin i ndéanamh gloine, gallúnach, glantóirí agus lasairmhoillitheacha. Tá bórón i screamhuisce go nádúrtha, go príomha mar gheall ar láisteadh ó charraigeacha agus ó ithreacha ina bhfuil bóráití agus bóraosileacáit. Go minic tagann an bóráit in uisce dromchla ó dhíluchtú eisilteach séarachais atá cóireáilte, mar go mbíonn sé i láthair i roinnt ábhar glantacháin. Sháraigh 5 shampla i 2013 Luach parimeádrach an AE (tábla 4.5) Ba ó fhoinsí príobháideacha iad uilig. D'athraigh an ESD an Luach treoirlíneach do Bhórón ó 1.0mg/L go 2.4mg/L in uisce óil. Sháraigh 3 shampla de na 5 samplaí neamhghéilliúla luach treoir líneach an ESD.

4.7.5 Caidmiam agus comhdhúile caidmiam

Úsáidtear caidmiam sa tionscal cruach agus i bplaisteach. Baintear go leor úsáide as comhdhúile caidmiam i gceallraí. Scaoiltear caidmiam isteach sa timpeallacht as screamhuisce, agus tagann truailliú idirleata as éilliú ó leasacháin agus ó thruailliú áitiúil aeir. D'fhéadfadh truailliú in uisce óil a theacht freisin ó eisíontas i sinc i bpiopaí galbhánaithe, ó shádair agus ó roinnt feistí miotail. B'as foinsí príobháideacha 3 shampla neamhghéilliúil i 2013.

4.7.6 Cróimiam

Tá cróimiam scaipthe go fairsing i screamh an domhain. Úsáidtear i gcuid mhaith rudaí é, go hiondúil mar go bhfuil sé crua agus frithchreimneach. Tá maignéad iontach ann freisin. Is i ndéanamh cruach dhosmálta is mó a úsáidtear é mar go gcoisceann sé creimeadh agus dídhathú cruach. Tá cróimiam (III) nó cróimiam trífhíúsach riachtanach don cholainn ach i méideanna fíorbheag. Teastaíonn sé do mheitibileacht lipide agus siúcra go príomha. Fuarthas dhá shampla neamh-ghéilliúil ó thaobh na leibhéal cróimiam i 2013.

4.7.7 Copar

Is cothaitheach riachtanach don duine é an copar. Úsáidtear freisin é i ndéanamh píopaí, comhlaí agus feistí agus bíonn sé i gcóimhiotail agus bratú. Bíonn tiúchan éagsúil copair in uisce óil, agus de ghnáth tagann an chuid is mó de as creimeadh taobh istigh de pháipí copair. Bíonn an creimeadh seo níos measa nuair atá an t-uisce aigéadach nó an-bhog. D'fhéadfadh copar rian a fhágáil ar éadaí nite agus ar fhearis sláintíochta ag tiúchan níos airde ná 1 mg/Lítear. Cé go bhféadfadh blas a bheith ar uisce ó chopar, ba cheart go mbeadh sé inghlactha ag an luach treoirlíneach sláinte-bhunaithe 2 mg/L atá leagtha síos ag an EDS. Aimsíodh 37 sárúcháin i 2013 agus ba ó sholátharí príobháideacha 21 de na samplaí.

4.7.8 Iarann

Tá iarann ar an dara miotal is fairsinge i screamh an domhain agus é ina dhúil riachtanach i gcothú an duine. Is annamh go bhfaightear iarann eiliminteach go nádúrtha mar go gcuingríonn na hiain iarainn Fe^{2+} (feiriúil) agus Fe^{3+} (feireach) go furasta le comhdhúile ina bhfuil ocsaigin agus sulfar agus cruthaítear ocsaídí, hidrocsoaídí, carbónaítí agus suilfidí. Bíonn salainn iarainn neamhsheasmhach i soláthairtí uisce óil agus deasctar iad mar hidrocsoaíd iarainn dothuaslagtha a shocraíonn síos mar shiolta ar dhath meirg. D'fhéadfadh iarann ar thiúchan glac maith milligram an lítear a bheith i screamhuiscí anaeróbacha gan dídhathú ná moirtíúlacht a bheith san uisce má táthar á chaidéalú go díreach as tobar. D'fhéadfadh sé go bhféadfadh tiúchan os cionn 0.3 mg/Lítear rian ar éadaí nite agus ar fheistí pluiméireachta. Cuidíonn iarann le fás 'baictéir iarainn' a fhaigheann a gcuid fuinnimh ó ocsaídiú iarann feiriúil go h-iarann feireach agus a fhágann bratú sláthach ar na píopaí sa phróiseas. Is eilimint riachtanach é iarann (iarann feiriúil go háirithe) i gcothú an duine. Aimsíodh 366 sampla neamhghéilliúil ó thaobh leibhéil iarainn. Bhí >1,000µg/L i 132 de na samplaí agus bhí > 10,000µg/L iarainn i 18 sampla. Ba ó fhoinisí príobháideacha 242 de na samplaí neamh-ghéilliúla.

4.7.9 Luaidhe

Úsáidtear luaidhe den chuid is mó i ndéanamh ceallraí luaidhe-aigéadach, sáidair agus cóimhiotail. Bíonn tionchar ag Luaidhe ar fhorbairt na gcóras néarógach agus ar fhorbairtí intleachtacha agus iompraíochta. Dá

bhrí sin, tá riosca níos airde ann don ghin agus do leanaí faoi sé bliana d'aois. Tháinig ísliú ar thiúchan luaidhe san aer agus i mbia de bharr laghdú domhanda ar úsáid breiseá n le luaidhe iontu i bpeitreal agus laghdú i sáidair le luaidhe ann sa tionscal próiseála bia, agus tógtar isteach an chuid is mó den iontógaíl iomlán as uisce óil. Is annamh luaidhe in uisce mar gheall ar thuaslagadh as foinsí nádúrtha. Is mó a bhíonn sé ann de bharr luaidhe i bpíopaí na gcóras pluiméireachta tí, sáidair, feistí nó an ceangal seirbhíse leis na tithe. Braitheann an méid luaidhe a bhíonn tuaslagtha ón gcóras pluiméireachta ar roinnt fachtóirí, ina measc, pH, teocht, cruas an uisce agus an fad a bhíonn an t-uisce sna píopaí.

Réitigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) páipéar staid faoi Luaidhe (Pb) i Uisce óil. Eisíodh é i mí na Nollag 2013 agus tá coimriú ann de na ceisteanna a bhaineann le luaidhe in uisce óil maraon le ceisteanna sláinte, reachtaíochta agus idirghabhálacha. Is féidir teach tar an gcáipéis uilig ag <http://www.epa.ie/pubs/advice/drinkingwater/leadpositionpaper.html>

Laghdaíodh an luach paraimeádrach do luaidhe ó 25µg/L (I.R. 278 de 2007) go 10µg/L ag deireadh 2013. Ní bheadh 49 sampla a ndearnadh anailís orthu i 2013 ag cloí leis an luach Paraimeádrach nua seo.

4.7.10 Mangainéis

Tá mangainéis ar cheann de na miotail is fairsinge i screamh an domhain, agus faightear é i dteannta iarann de ghnáth. Tá sé riachtanach don duine agus d'ainmhithe eile. Úsáidtear den chuid is mó é i ndéanamh cruach, agus mar ocsaídeoir do ghlanadh, tuaradh agus díghalrú (mar shármhanganáit potaisiam). Is féidir é a úsáid freisin mar bhreiseán i bpeitreal gan luaidhe, chun an grádú ochtáin a mhéadú agus an cnagadh innill a laghdú. Tá mangainéis ar fáil go nádúrtha i roinnt mhaith foinsí bia agus de ghnáth is trí bhia is mó a fhaightear mangainéis. Cuireann leibhéil mhanganáise os cionn 0.1 mg/L i soláthairtí uisce drochbhlas ar dheochanna agus fágann smál ar fhearis sláintíochta agus ar éadaí nite.

Cé nach bhfuil luach treoirlíneach eisithe ag an EDS do mhanganáin, mar nach bhfuil aon imní ann faoina leibhéil in uisce óil, táthar tagtha ar luach treoirlíneach sláinte-bhunaithe de 400 µg/L lena aghaidh.

4.7.11 Nicil

Is i ndéanamh cruach dhosmálta agus cóimhiotail nicil is mó a úsáidtear nicil. Is tríd an mbia is mó a fhaigheann daoine nach gcaitheann tobac agus nach mbíonn i dteagmháil leis ag a gcuid oibre nicil. Is miotal riachtanach é nicil d'fhorbairt an duine, cé nach bhfuil a mheitibileacht iomlán soiléir. Is deirmitíteas teagmhála ailléirgeach is mó a fhaigheann daoine ó nicil. Sháraigh 28 sampla as an 1275 sampla a ndearnadh i 2013 luach paraiméadrach 20µg/L an AE. Sháraigh 3 shampla luach treoirlíneach 70µg/L an ESD.

4.7.12 Potaisiam

Is bun-elimint riachtanach don duine é Potaisiam. Is annamh ná riamh a faightear in uisce óil ag leibhéil é a bheadh ina údar imní sláinte do dhaoine sláintiúla agus dá bhrí sin níor eisigh an ESD aon treoirlíne luaicha le haghaidh potaisiam in uisce óil. Is 3g an riachtanas laethúil potaisiam a moltar. Faightear potaisiam go fairsing sa timpeallacht nádúrtha, uiscí nádúrtha san áireamh agus d'fhéadfadh sé a bheith in uisce óil de bharr potaisiam permanganate a úsáid mar ocsaídiú i gcóireál uisce.

4.7.13 Seilíniam agus comhdhúile Seilíniam

Tá seilíniam riachtanach don duine, agus is iad na príomhfhoinsí seilíniam don gnáthdhuine ná bianna ar nós gránaigh, feoil agus iasc. Tá ról lárnach aige i rialú thionchar na hormón tioróideach ar mheitibileacht saille. Feictear nach dtugtar mórán stáidais do seilíniam i bpáirteanna go leor den domhan, larthar na hEorpa san áireamh. Úsáidtear Seilíniam agus comhdhúile seilíniam go príomha do dhéanamh gloine agus mar líonna (gníomhaithe dathúcháin) do phéint, plaisteach, ceirmeacht agus glónra.

4.7.14 Sóidiam

Tá salainn sóidiam (m.sh. clóiríd sóidiam) i mbeagnach gach bhia agus in uisce óil. Is tríd an mbia is mó a fhaightear é. Níl luach treoirlíneach eisithe ag an EDS mar nach bhfaightear ach beagán as uisce óil. Cé go mbraitheann tairseach blais sóidiam in uisce óil ar an ainian ghaolmhar agus ar theocht an tuaslagáin, is é an meánthairseach ná 200 mg/L ag teocht seomra. Bhí >1,000mg/L i 3 shampla as an 73 sampla inar sáraíodh an luach paraiméadrach.

4.7.15 Sinc

Is riandúil riachtanach é sinc atá ar fáil i mbeagnach gach bia agus uisce óil i bhfoirm salainn nó coimpléasc orgánach. Tá sé riachtanach do chuid mhaith feidhmeanna bitheolaíochta ar nós frithsheasmhacht galar, cneasú créachtaí, díleá agus atáirgeadh. Úsáidtear sinc den chuid is mó i mbratú frithchreimneach ar chruach (galbhánú), in ábhair thógála, i bprás, cógaisíocht agus cosmaidí. Fágann sinc blas crapach nach inmholta ar uisce nuair a sroictear an tairseach blaiseadh de 3mg/L (mar sulfaít sinc) Is féidir le Cuma ópalach a bheith ar an uisce ina bhfuil sinc a sháraíonn an tairseach seo agus d'fhéadfadh screamh gréacsach teacht air nuair a fiuchtar é. Cé nach sáraíonn na leibhéil sinc in uisce óil 0.1mg/L de ghnáth, is féidir leis an tiúchán a bheith i bhfad níos mó in uisce sconna de bharr taúsagú an sinc ó phluiméireacht an tí. Bhí >0.10mg/L sinc i 115 sampla i 2013 cé nach raibh >3.0mg/L i 2 shampla

4.8 Uisce Haema-Scagdhealaithe

Bíonn córais um chóireáil uisce i bhfeidhm in aonaid Haema-Scagdhealaithe chun uisce ianaithe a sholáthar le n-úsáid i meaisíní Scagdhealaithe. Rinneadh an saotharlann 8,000 tástáil ar an 512 sampla a fágadh isteach i 2013. I measc na bparaiméadair a ndearnadh anailís orthu bhí pH, seoltacht, sóidiam, potaisiam, cruas agus réimse miotail.

4.9 Samplaí Príobháideacha

Cuireann an saotharlann seirbhís ar fáil don phobal go ginearálta chun iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna nó gearáin faoi chaighdeán uisce. Is le toibreacha príobháideacha is mó a bhaineann na húdair imní. Scrúdaíodh 546 sampla ó dhaoine príobháideacha i 2013

4.10 Uiscí Snámha

Tástáladh uiscí snámha agus sruthanna ionraoin chuig áiteanna snámha féachaint an raibh siad ag comhlíonadh Rialacháin Chaighdeán Uisce Snámha 1992 (I.R. Uimh. 155 de 1992) agus Rialacháin Chaighdeán Uisce Snámha 2008 (I.R. Uimh. 79 de 2008) do shéasúr snámha 2013. Rinneadh anailís ar 85 sampla i 2013. I measc na bparaiméadar ar déanadh anailís orthu bhí ocsaigin tuaslagtha (nuair a bhí raon an tuilithe idir 79 agus 111), pH (bhí raon na dtorthaí idir 7.1 agus 8.7), dath (bhí raon na dtorthaí idir 2.4 agus 74.4mg/L Pt-Co) agus

scrúduithe láithreachais/neamhláithreachais d'ola mianraí, sunstaintí gníomhach ag an dromhchla agus fuilleach tarrach. Bhí formhór na samplaí ar déanadh anailís orthu ag cloí go hiomlán leis an reachtaíocht. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gcaighdeán reatha uisce snámha ar www.splash.epa.ie

4.11 Uiscí Linnte

Déanann an saotharlann anailís ar leibhéil clóirín/bróimín, mar aon le hiomlán na solad tuaslagtha agus alcaileacht in uiscí linnte, seacúsaithe, tobáin te agus linnte spá. Rinneadh anailís ar 244 sampla i 2013. Níl aon reachtaíocht ann faoi láthair chun na paraimeáid a rialú. Bhí > 5mg/L saor chlóirín i 14 sampla. Bhí > 10mg/L saorchlóirín i 5 sampla as an 14 sampla. Maidir leis na leibhéil iomlána clóirín, bhí > 5mg/L clóirín iomlán

i 26 sampla agus bhí > 10mg/L clóirín iomlán i 10 sampla as an 26 sampla. Bhí iomlán na solad tuaslagtha idir 38 go 26,000mg/L agus bhí 10 sampla ann ina raibh níos mó ná 5,000mg/L iontu. Bhí na leibhéil alcaileachta idir <10 agus 1,928mg/L

4.12 Eisiltigh

Déanann an saotharlann raon leathan anailíse ar shamplaí d'eisiltigh. Ina measc samplaí do cheadúnais díluchtaithe agus samplaí a mheastar a bheith truaillithe. Déanadh anailís ar 56 sampla i 2011. I measc na bparaméadar a tástáladh bhí éileamh ocsaigin Bithcheimiceach (BOD), éileamh ocsaigin Ceimiceach (COD), saill, olaí agus gréisc, solaid ar snámh, ocsaigin tuaslagtha, fosfáit (intuaslagtha agus iomlán), níotráit, nítrít, amóinia agus raon miotal.

Tábla 4.5 Achoimre ar thorthaí Miotail in uisce óil 2013

Paraiméadar	Rátú IARC	Luach Paraiméadrach (I.R. 278-2007)	Luach Treoiríneach EDS	Líon Samplaí	% Sáruithe (%)
Alúmanam	n/a	200 µg/L	- ⁴	4,060	87 (2.1%)
Antamón	Group 2B ³	5.0 µg/L	20 µg/L	1,262	4 (0.3%)
Arsanaic	Group 1	10 µg/L	10 µg/L	1,271	45 (3.5%)
Bórón	n/a	1.0 mg/L	2.4 mg/L	1,249	5 (0.4%)
Caidmiam	Group 2A	5.0 µg/L	3.0 µg/L	1,260	3 (0.2%)
Cróimiam	Group 1 ¹	50 µg/L	50 µg/L	1,260	2 (0.2%)
Copar	n/a	2.0 mg/L	2.0 mg/L	1,368	37 (2.7%)
Iarann	n/a	200 µg/L	- ⁴	4,064	351 (8.6%)
Luaidhe	Group 2A	25 µg/L	10 µg/L	1,556	15 (1.0%)
Mangainéis	n/a	50 µg/L	- ⁴	4,061	288 (7.1%)
Nicil	Group 2B	20 µg/L	70 µg/L	1,275	27 (2.1%)
Potaisiam	n/a	-	- ⁴	12	n/a
Seilíniam	Group 3	10 µg/L	40 µg/L	1,246	1 (0.1%)
Sóidiam	n/a	200 mg/L	- ⁴	465	73 (15.7%)
Sinc	n/a	-	- ⁴	1,260	² 2(0.2%)

¹ Tagraíonn rangú do Chróimiam heicsifhiúsach

² Líon na samplaí sinice a thug toradh >3mg/L. (Níl aon luach treoiríne sláinte-bhunaithe leagtha síos do sinc cé nach mbeadh leibhéal >3mg/L. (Níl aon luach treoiríneach sláinte-bhunaithe leagtha síos do sinc cé go bhféadfadh sé nach mbeadh leibhéal >3mg/L inghlactha do thomhaltóirí.)

³ Tagraíonn rangú Antamóin do thrí-antamóin.

⁴ Níl luach treoiríneach leagtha síos mar nach ábhar imní ó thaobh sláinte iad na leibhéil a bhíonn in uisce óil.

5. MONATÓIREACHT AR THRUAILLIÚ AEIR

5.1 Reachtaíocht Eorpach

Is iad na hionstraimí reachtúla Eorpacha faoi láthair um rialú an chaighdeán aeir ná **Treoir 2008/50/CE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus Aer níos Glaine don Eoraip agus Treoir 2004/107/CE**. (4ú treoirlíne ó threoir Creata roimhe seo). Tá an treoir CAFE á fheidhmiú anois in áit cúig ionstraim reachtúil a bhíodh an agus amach anseo nasctar Treoir 2004/107/CE é féin isteach sa treoir CAFE. Beidh sé níos soiléire agus níos simplí treoir amháin a bheith an in áit sé acht difriúil. Leagtha amach sa treoir CAFE tá an chaoi le monatóireacht, measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar Cháilíocht an Aeir mar aon leis na teorainneacha do na paraiméadair seo a leanas:

- ♦ Dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaíd nítrigine, ábhar cáithnínach agus luaidhe.
- ♦ Beinséin, aonocsaíd charbóin agus ózón. Tá sprioc-teorainneacha leagtha síos i dTreoir 2004/107/CE do na paraiméadair seo a leanas:
 - ♦ Arsanaic, caidmiam, mearcair, nicil
 - ♦ hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha

5.2 Reachtaíocht Náisiúnta

Trasaíodh Treoir 2004/107 AE go reachtaíocht na hÉireann i 2009 sna Rialacháin maidir le Arsanaic, Caidmiam, Nicil, Mearcair agus Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha san Aer 2009 (I.R Uimh 58 de 2009) Thrasuigh I.R Uimh 58 de 2009, Treoir 2004/107/AE go Reachtaíocht na hÉireann i 2009. Trasaíodh I.R Uimh. 180 de 2011 de na Rialacháin um Caighdeán Aeir, Treoir CAFÉ, isteach i reachtaíocht na hÉireann i mí na Bealtaine 2011. Tá an tír roinnte ina cheithre chuid chun críche measúnuithe agus bainistíochta caighdeán an aeir. Tá Cathair na Gaillimhe, Luimnigh, Phort Láirge agus 18 baile agus ceantair uirbeacha eile i réigiún C. Tá an líon stáisiúin monatóireachta leagtha síos do gach réigiún.

5.3 Torthaí na Saotharlainne

Tá dhá stáisiún monatóireachta á bhfeidhmiú ag an saotharlann seo ag dhá ionad sa gcathair, in aice thimpeallán Bodkin (in aice le Currys) agus ag Oibreacha Uisce Thír Oileáin. Déantar an obair seo ar son Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is iad na paraiméadair a ndéantar monatóireacht orthu ná Dé-ocsaíd Sulfair, Deatach Dubh agus PM₁₀. Tuairiscítear na sonraí a bhíonn taifeadta ag an saotharlann chuig an GCC agus foilsíonn siadsan iad. Tá an

“Air Quality Index for Health” de chuid an EPA ar a suíomh gréasáin ag <http://www.epa.ie/air/quality/>.

5.3.1 Dé-ocsaíd Sulfair

D'fhéadfadh Dé-Ocxaíd Sulfair a bheith san aer mar gheall ar an timpeallacht nádúrtha féin nó de bharr dó breoslaí le Sulfar iontu. D'fhéadfadh deacrachtaí riospráide agus dochar don éiceachóras a theacht as leibhéal arda SO₂. Is réamhtheachtaí mór é den bháisteach aigéadach. Sonraíonn na rialacháin monatóir amháin SO₂ i gcrios C. Feidhmíonn an GCC aonad monatóireachta soghluaiste sa gcrios seo. Tá an saotharlann ag leanúint ar aghaidh leis an monatóireacht SO_v ag an dá stáisiún sa gcathair. Tá torthaí 2013 le fáil in Aguisín 6. Níor sáraíodh an teora luaiche laethúil leis an sláinte phoiblí a chosaint, de 125 µg/m³ am ar bith i rith na bliana.

5.3.2 Deatach Dubh

Ba é an bealach traidisiúnta a bhíodh ann le theacht ar an méid ábhar cáithnínach san aer ná an deatach dubh a thomhais. Téann treoirlínte reachtúla siar go 1980. Cé nach bhfuil aon ghá reachtach an paraiméadar seo a thomhas ó Eanáir 2005 tá an saotharlann fós ag leanúint orthu leis an tomhais ag an dá stáisiún monatóireachta. De bharr an méid sonraí atá bailithe le roinnt mhaith blianta feictear go bhfuil sé úsáideach leanúint leis an tomhais seo mar go gcuideoidh sé le staidéar na dtreochtaí fadtéarmacha.

5.3.3 PM₁₀

Is PM₁₀ an téarma a úsáidtear le cuntas a thabhairt ar ábhar cáithnínach le trastomhas 10µm nó níos lú. D'fhéadfadh meascán casta súiche, ábhar orgánach agus neamhorgánach a bheith sna cáithníní seo. Tá neart foinsí PM₁₀ ann, ina measc dó díosail agus breoslaí soladacha agus dusta ó thrácht bóthair. Baineann an imní faoina leibhéal PM₁₀ leis na deacrachtaí riospráide a thagann óna n-análú. Faoi réir na Rialachán Aercháilíochta, caithfear monatóireacht a dhéanamh ag dhá ionad i gCrios C. Tá aonad amháin monatóireachta dá leithéid á fheidhmiú ag an GCC in áis soghluaiste. Tá an t-aonad monatóireachta eile á fheidhmiú ag an saotharlann sa stáisiún monatóireachta ag timpeallán Bodkin. Sna Rialacháin leagtar síos meánteora 50 µg/m³ i 24 uair an chloig agus ní cheadaítear é seo a shárú níos mó ná 35 babhta i mbliain féilire, agus tá meánteora bliantúil 40 µg/m³ ann do PM₁₀ anna. Sáraíodh an meánteora 24 uair a chlog aon uair déag i rith na bliana. Ba é an luach a b'airde a taifeadadh ná 74 µg/m³. Ba é 21 µg/m³ an mean laethúil i rith na bliana. Tá torthaí 2013 ar fáil in Aguisín 6.

6. CÓGASÍOCHT & TOCSAINEOLAÍOCHT

6.1 Saotharlann Cógaisíochta

Tá seirbhís anailíseach á chur ar fáil ag an saotharlann seo ó 1976 do Bhord Leigheasra na hÉireann, an “Bord Náisiúnta Comhairliúchán Drugaí” roimhe seo, chun táirgí drugaí agus cógais a thástáil mar aon le comhairle agus tacaíocht theicniúil a bhaineann le tástáil cógas a sholáthar. Chuige seo, tá Rannóg Chógaisíochta Shaotharlann Anailísí Phoiblí na Gaillimhe, ceaptha mar Shaotharlann Oifigiúil um Rialú Cógas (OMCL) faoi chreat na Treorach Eorpaigh um Cháilíocht Leigheasra agus Cúram Sláinte (EDQM) agus Chomhairle na hEorpa.

6.1.1 Ról mar Shaotharlann Oifigiúil um Rialú Cógas (OMCL)

Is é feidhm Bhord Leigheasra na hÉireann (IMB) ná sláinte poiblí agus ainmhithe a chosaint agus a chothú trí chógais daonna agus tréidliachta, agus fearais chógaisíochta atá ar fáil le díol nó déanta in Éirinn a rialú, agus a bheith páirteach i gcórais atá ann leis an rud céanna a dhéanamh ar fud an AE

Ag leibhéal Náisiúnta, cuidíonn an saotharlann le cosaint sláinte poiblí agus le feidhm rialaitheach Bhord Leigheasra na hÉireann trí shonraí anailíseacha neamhspleácha agus comhairle theicniúil faoi tháirgí cógaisíochta a sholáthar a thugann deis don Bhord cinntí eolasacha a dhéanamh faoi chaighdeán agus faoi stádas um chomhlíonadh cógas.

Ag leibhéal Eorpach, bíonn an saotharlann páirteach i ngníomhaíochtaí de chuid an Líonra Eorpach OMCL Ginearálta (comhoibriú idir shaotharlanna tástála cógas atá ceaptha cumarsáid a fheabhsú, comhoibriú a chur chun cinn agus modhanna oibre a chomhchuíbhíú san AE agus i stáit eile). Áirítear sna gníomhaíochtaí seo tá tástáil ar Tháirgí Cógas Lárúdaraithe (CAP), tástáil ar Tháirgí Comhaitheanta/Díláraithe (TCA/TD) (MRP/DCPs), agus páirteachas i Scéimeanna um Thástáil Inniúlachta (PTS). (féach <http://www.edqm.eu/en/General-European-OMCL-network-46.html> le tuilleadh eolais a fháil).

6.1.2 Anailís

Déantar tástáil na gCógas sa saotharlann de réir monagraif an Pharmacopoeia Eorpach, Pharmacopoeia na Breataine, Pharmacopoeia Stáit Aontaithe Mheiriceá agus/nó de réir modhanna cuideachta.

Déantar go leor tástálacha éagsúla ar gach sampla. I measc na dtástálacha a rinneadh i 2013 bhí Aitheantas agus Assay trí HPLC, Tuaslagadh le UV, Tuaslagadh le HPLC, Aitheantas agus Assay le UV-Vis, Tástáil Nochtaithe, Tástáil Pacáistithe, Aitheantas le IR, Meántoirt, Aonfhoirmeacht Maise, Foroinnt na dTaibléidí, PH, Dlús, Ábhar leasaitheacha trí HPLC, Rothlú Optúil, Substaintí bainteacha trí HPLC, éatanóil le GC, Assay iarainn, Comhábhar iarainn iónach, Aitheantas le TLC, Aonfhoirmeacht na n-aonad dáileogacha, Dearbhú Uisce le Karl Fisher, aonfhoirmeacht na ndáileoga a seachadadh as soithigh ioldáileogacha, Toirt asbhainteach, Scrúduithe súl ar fhiala, Cailteantas ar thriomadadh, Maingainéis le ICP-MS agus an Pointe Leá



6.1.3 Líon na Samplaí

Fuarthas 119 sampla sa saotharlann i rith 2013. Scrúdaíodh sampla amháin de gearán bia le fáil amach an raibh táirge leighis ann.

Bord Leighasra na hÉireann	101
EDQM – Táirgí leighis údaraithe go lárnach	5
Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, FSS Iarthar	2
Tástálacha Cáilíochta	11
Sampla Gearáin-Bia	1

Is féidir teacht ar na torthaí anailiseacha i dTuarascáil Bhliantúil 2013 an BLÉ (Féach www.imb.ie).

6.1.4 Córas Cáilíochta

Caithfidh OMCLanna oibriú le córas cáilíochta bunaithe ar ISO/IEC 17025 chun caighdeán agus comparáideacht torthaí a chinntiú laistigh den Líonra. Tá creidiúnú d'anailís Cógaisíochta ag an saotharlann ó 1991 (bhí an chéad chreidiúnú bunaithe ar chaighdeán EN45001). I 2002, d'éirigh leis an saotharlann aistriú chuig ISO/IEC 17025 agus i 2006 chuig an gcaighdeán reatha, ISO/IEC 17025:2005. Cuireadh cur chuige “Scóip Solúbtha” i bhfeidhm ar roinnt tástálacha sa saotharlann. Cuireadh le scóp creidiúnaithe do OMCL agus cuirtear tástálacha do Aonfhoirmeacht na nAonad Dáilithe, Foroinnt na dtábléidí agus Aonfhoirmeacht na ndáileoga ó shoithigh iol-dáilithe san áireamh anois tar éis iniúchadh INAB i mí na Samhna 2013. Mar Shaotharlann Oifigiúil um Rialú Cógas, ní mór don saotharlann feidhmiú freisin de réir na dTreoirínte um Bhainistiú Cáilíochta atá eisithe ag an Líonra EDQM-OMCL agus atá glactha ag an gComhar Eorpach don Chreidiúnú (EA) (féach <http://www.edqm.eu/en/EDQM-Publications-Quality-Management-Guidelines-86.html> le tuilleadh eolais a fháil).

Tugann saineolaithe ón Líonra, atá oilte i mBainistiú Cáilíochta, faoi Chomhiniúchtaí Frithpháirteacha OMCLanna lena chinntiú go gcloíonn córais um bhainistiú cáilíochta na OMCLanna le riachtanais

ISO/IEC 17025 agus le Treoirínte um Bhainistiú Cáilíochta an Líonra OMCL. Cuireadh oiliúint iniúcháir MJA ar bhall foirne amháin. Déanann Bord Leighasra na h-Éireann iniúchadh tréimhsiúil ar an OMCL, freisin.

6.1.5 Scéimeanna um Thástáil Inniúlachta (PTs)

Glacann an saotharlann páirt rialta i Scéimeanna um Thástáil Inniúlachta ar nós na gcinn a eagraíonn EDQM agus LGC Pharmassure.). I measc na modhanna a clúdaíodh sa Scéim um Thástáil Inniúlachta i 2013 bhí: Aitheantas le IR, Assay le HPLC, Substaintí Gaolmhara le HPLC, Karl Fischer, rothlú sonrath optúil, éatanóil le GC, pH, Toirt, Pointe Leá, Cailteanas le triomadh, Aitheantas le TLC, Aonfhoirmeacht Toirt agus speictreafótaiméadracht –UV.

6.1.6 Freastal ar chruinnithe

D'fhreastal ball foirne ar chruinniú bhliantúil na Stiúrthóireachta Eorpaigh um Cháilíocht Leighasra agus Cúram Sláinte (EDQM) a tionóladh i Helsinki i Meitheamh 2013 agus ar chruinnithe bhliantúla CAP agus MRP/DCP a tionóladh i bPrág i mí na Samhna, maraon le cruinniú Inniúcháirí MIA a tionóladh i Stasbourg i mí Márta. Chuir Bord Leighasra na hÉireann agus Comhairle na hEorpa maoiniú ar fáil don fhreastal

6.1.7 Socrúchán Macléinn

D'obair macléinn tríú bliana ón gCúrsa Eolaíocht fhóirínseach agus Anailís, Institiúid Theicneolaíochta Mhaigh Eo agus na Gaillimhe ar thréimhsí thaithí oibre sé mhí i 2013.

6.2 Saotharlann Tocsaineolaíochta

Soláthraítear seirbhís bunúsach tocsaineolaíochta i dtástáil alcoil (eatanól) den chuid is mó do Phaiteolaithe agus Lianna Comhairleacha, Tréadlianna agus an pobal. Déantar tástálacha ar pharaimeádair eile go tréimhsiúil m.sh stricnín agus Paraquat, maraon le tuaslagóirí ar nós aicéatón, meatánól, aicéatáildéad, própánól agus 'rl.

6.2.1 Tástáil Eatánóil

Cuireann Paiteolaithe Comhairleacha, FSS Iarthar formhór na samplaí eatánóil isteach le haghaidh tástála. Déantar anailís neamhspleách ar shamplaí fola agus ar B- shamplaí fual a tógadh faoi scáth an tAcht um Thrácht ar Bhóithre d'alcól. Is iad na teorainneacha eatánóil do chuireanna tiomána faoi óil ó Dheireadh Fómhair 2011 ná 67 mg/100 ml sa bhfual agus 50 mg/100 ml sa bhfuil do thiománaithe le taithí. Bíonn teorainneacha níos ísle i gceist maidir le tiománaithe nua nó foghlaimeoirí agus tiománaithe bus, leoraí, leantóir, feithiclí oibre, tacsáí agus feithicil seirbhíse poiblí eile.

Tástáil seacht sampla déag a tógadh faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre i 2013 agus bhí 13 (i.e. 76%) os cionn an teora dhlíthúil ag am na tástála. Rinneadh tástálacha ar 223 sampla le haghaidh eatánóil agus scrúdúadh 51 sampla le haghaidh comhábhar so-ghalaithe ar nós meatánól, aicéatón agus 'rl) Féach an Tábla thíos);

Eatánóil i leachtanna bitheolaíochta (Iarbháis)	110
Eatánóil i leachtanna bitheolaíochta (Acht um Thrácht ar Bhóithre)	17
Tástálacha Cáilíochta Eatánóil	24
Eatánóil (Luibhe, Cógais agus 'rl.)	21
Eatánóil (Earraí bia, Ilghnéith.)	51
aicéatón, meatánól, aicéataildéad, própánól (Earraí bia, Cosmaídí, Ilghnéitheach	51

6.2.2 Córas Cáilíochta

Glacann an saotharlann páirt i Scéim Mheasúnú Cáilíochta (SMC) atá á chomhordú ag an LGC. Faightear samplaí fola agus fuail isteach go míosúil le haghaidh anailís eatánóil.

7. COSMAIDÍ

7.1 Reachtaíocht Cosmaidí

Tháinig éifeachr le Rialachán Cosmaidí "ateilgthe" na hEorpa (AE Uimhir 1223/2009) ón 11 Iúil. Tá an Rialachán Ateilgthe seo mar an príomh reachtaíocht rialaithe do shábháilteacht agus do chaighdeán cosmaidí agus trasúidh go dlí na hÉireann é le IR 440 de 2013. Tá caighdeáin leagtha síos sa Treoir & sna Rialacháin a gcaithfidh an Tionscal Cosmaidí cloí leo.

7.2 Rialú agus Forfheidhmiú Oifigiúil ar Reachtaíocht na gCosmaidí in Éirinn

Is é Bord Leigheasra na hÉireann (IMB) an tÚdarás Inniúlachta náisiúnta maidir le feidhmiú reachtaíocht na gcosmaidí. Tá Oifigigh Sláinte Chomhshaoil an FSS agus Saotharlanna na nAnailísithe Poiblí ina n-oifigigh údaraithe agus ina saotharlanna oifigiúla do rialú cosmaidí. Bunaíodh Coiste um fhaireachais Cosmaidí ar a bhfuil ballraíocht ag BLÉ, SCS agus na Saotharlanna AP chun rialú agus comhordú na ngníomhaíochtaí um fhaireachais margaí a éascú. Éascaíonn gréasán na Saotharlanna Rialaithe Oifigiúla Cosmaidí, OCCL, a bhfuil ballraíocht againn ann, an comhoibriú Eorpach. Is gréasán atá ann de na Saotharlanna Rialaithe Oifigiúla Cosmaidí a bunaíodh faoi scáth na Stiúthóiraeachta Eorpaigh um Chaighdeán Chógais agus Cúraim Sláinte (EDQM), agus tá naisc tras-fheidhmeach aige le PEMSAC an Grúpa do Mhodhanna Anailíseacha an Choimisiún Eorpaigh (An Clár um Fhaireachais ar Chosmaidí sa Mhargadh Eorpach).

Is é RAPEX an córas mear-rabhadh AE a thugann fógra faoi ghuaiseanna/rioscaí a bhaineann le cosmaidí agus táirgí eile tomhaltóirí:

<http://ec.europa.eu/consumers/safety/rapex/alerts/main/>

Is Cumann Náisiúnta na dTomhaltóirí a riarann RAPEX in Éirinn. www.consumerconnect.ie

7.3 Torthaí 2013

Tá achoimre den tástáil cosmaidí a rinneadh sa saotharlann seo i 2013 ar fáil ar Thábla 7.1 (Tá achoimre de Chlár Faireachais 2013 ar fáil in Agusín 7). Cuirtear an tseirbhís ar fáil d'oifigigh údaraithe (OSC-anna) i ngach limistéir FSS. Cuireann oifigigh údaraithe an FSS (Na hoifigigh Sláinte Comhshaoil) samplaí cosmaidí chugainn le monatóireacht a dhéanamh orthu ó thaobh géilliúlachta do na Rialacháin cosmaidí. Caitheann na hOSC mar is cú leo i gcomhair le BLÉ.

Tábla 7.1 Achoimre ar Thorthaí Tástála Cosmaidí 2013

Paraiméadair	Cineálacha Cosmaidí	Samplaí Tástáilte	Ag Cloí	Níl ag cloí
Formaildéad	Cosmaidí a táirgíodh in Éirinn. Táirgí dírithe gruaige & Cosmaidí "fágáil air" do pháistí	59	56	3 ¹
Luaidhe	Péint aghaidh, Smideadh Leanáil agus Smideadh Ginearálta agus 'rl.	61 (128 fo-shampla)	60	1
Caidmiam	Péint aghaidh, Smideadh Leanáil agus Smideadh Ginearálta agus 'rl.	61 (127 fo-shampla)	61	0
Mearcair	Uachtair, Gallúnacha (Gealú)	31	30	1
Arsanaic	Péint aghaidh, Smideadh Leanáil agus Smideadh Ginearálta agus 'rl.	56 (124 fo-shampla)	56	0
Cróimiam	Péint aghaidh, Smideadh Leanáil agus Smideadh Ginearálta agus 'rl.	52 (116 fo-shampla)	52	0
Nicil	Péint aghaidh, Smideadh Leanáil agus Smideadh Ginearálta agus 'rl.	61 (125 fo-shampla)	61	0
Sárocsaíd Hidrígine	Táirgí do ghealú fiacal, Slaod Fiacal	3	3	0
p-Feiniléindé-aimín	Ruaim Ghruaige	30 (64 fo-shampla)	30	0
Hidreacuineon	Uachtair, Gallúnacha (Gealú)	13	13	0
Dé-Ocsán ²	Seampú & glóthach fholtha	1	1	0
Methyldibromo glutaronitrile (MDBG)	Ciarsúir	31	31	0
3-íada-2-próipiniolbúitíolcarbamaít (IPBC)	Ciarsúir	31	30 ³	0
Beinséin, Clóraform	Ciarsúir	30	30	0
Tuaslagóirí Iarmharacha	Táirgí Cúraim Gruaige	15 (35 fo-shampla)	15	0
Scrúdú ar an Lipéadú Ginearálta	Smideadh, Péint aghaidhe, gallúnaí, glóthaigh chithfholtha, táirgí gruaige, ciarsúir, uachtair agus 'rl	125	85	40

Nóta: Rinneadh scagthástáil, trí x-gathú fluaraiseachta, ar 79, a chuimsigh 213 fo-shampla le haghaidh luaidhe & caidmiam

¹ Ina measc bhí 2 shampla Formaildéad >0.05% nach raibh lipéad fainice "contains formaldehyde".

² Iarradh ar CVUA, Karlsruhe, An Ghearmáin an tástáil a dhéanamh ar shampla ina raibh Dé-Ocsán a bhí ag leibhéal nach bhféadfaí a sheachaint go teicniúil.

³ Rangáíodh sampla amháin de ciarsúir llinbh mar "Neamhchinntithe".

7.3.1 Formaildéad i nDíríteoirí Gruaige srl.

Ginearálta: Is leaganacha de formaildéad iad formaildéad, formailín agus tuaslagáin gliocól meitilíne agus is féidir caitheamh leo ar an gcaoi chéanna ó thoabh sábháilteachta agus tocsaineachta de. Is féidir le gás sceitheadh as na tuaslagáin seo faoi choinníollacha áirithe. Tá tocsaineacht ionanáilthe ard ag formaildéad agus é aitheanta mar íogróir craicinn. Tá formaildéad á rialú go docht faoi reachtaíocht cosmaidí AE (féach Cuid 7.1) a leagan síos uasteorainn 0.2% do formaildéad I i ngnáththáirgí cosmaidí. Caithear, i gcás gach táirge cosmaidí atá bailchríochnaithe agus a bhfuil formaildéad iontu (nó leasaitheacha eile a scaoileann formaildéad), lipéad leis an rabhadh "formaildéad anseo" a bheith orthu má bhíonn an tiúchan formaildéid os cionn 0.05%.


7.3.1.1 Torthaí 2013:

Scrúdaíodh 59 sampla cosmaidí a chuimsigh (28) táirgí cosmaidí Éireannacha éagsúla, 23 táirge dírithe/mínithe gruaige, 5 cosmaidí le fágáil air do pháistí agus 3 táirge eile, i 2013. Bhí na torthaí formaildéide sa raon ó < 0.04% agus 2.3%, agus níor sháraigh ach sampla amháin (táirge dírithe

gruaige ag 2.3%) an teora reachtúil de 0.2% agus mar thoradh air d'eisigh na hOSC agus BLÉ Tuairisc Guaise/Éillithe Cosmaidí. Aimsíodh formaildéad ag leibhéal >0.05% (ach <0.2%) gan lipéad fainice orthu a chur in iúl go raibh formaildéad iontu dhá shampla eile. Tháinig laghdé ar iomarca formaildéad a bheith á úsáid i ndíríteoirí gruaige ó leibhéal 2010) neamh-ghéilliúlachta 16/31), 2011: 19% (5/27), 2012: 21% (4*/19), 2013: 4% (1/28)**

* bhí 3 shampla den táirge céanna san áireamh anseo,

** níl neamhghéilliúlacht lipéadaithe san áireamh




7.3.2 Trom-Mhiotail

Luaidhe agus Caidmiam: Scrúdaíodh 61 sampla (péint aghaidhe páistí, gnáth cosmaidí páistí, táirgí do dhaoine fásta) i 2013. Ba fhoireann –il-pháirteanna cosmaidí cuid de na samplaí seo a chuimsigh cineálacha agus dathanna éagsúla fo-shamplaí. Scrúdaigh na ICPMS 128 fo-shampla ar fad agus rinneadh scagthástáil ar 213 fo-shampla trí XRF. Ghlac an FSS le teora Luaidhe (Pb) de 20mg/kg agus teora Caidmiam (Cd) de 5mg/kg (teorainneach a d’ullmhaigh BfR/An Ghearmáin) mar theora eatrabhach. Bhí leibhéil neamhghéilliúil luaidhe i dtrí chuid éagsúil d’fhoireann péinteála aghaidhe de shampla amháin i 2013. Bhí leibhéil luaighde idir 5 agus 11mg/kg (20 fo-shampla) roinnt samplaí/fo-shamplaí, ba díol spéise é seo de bharr na hoibre atá á dhéanamh ag an leibhéal Eorpach cinneadh a dhéanamh ar chóir an teora BfR/Gearmánach a laghdú ó 20mg/kg. Ní dhearnadh aon chinneadh faoi na teorainneacha nua go fóill.

Year	Líon samplaí a tástáladh	(Líon na bhfo-comhábhar)	Líonle comhábhar neamhchomhlíonadh
2008	162	798	96
2009	226	946	34
2010	260	1,020	4
2011	181	680	12
2012	161	635	0
2013	61	213	1

Léiríonn na torthaí uilig do Luaidhe agus caidmiam gur tháinig laghdú suntasach le blianta beaga anuas. Cuirfear tuilleadh béime ar thástáil miotail ó Thruaillitheoirí go halléirgíni/íogóirí san obair sa todhcháí.




Rinneadh tástáil ar 61 sampla d’Arsanaic, Cróimiam agus Niocail (nó cuingrithe éagsúla dóibh). Bhí raon na dTorthaí Arsanaic ó < 0.5 go 2.95mg/kg. Bhí raon na leibhéal Cróimiam ó < 0.5 go 28 mg/kg (seachas sampla amháin feamainn-bhunaithe ina raibh beagnach 5000mg/kg

Cróimiam; Ba dathán cróimiam ceadaithe a bhí anseo. Fuarthas leibhéal Niocail suas go 70mg/kg i gcuid de na samplaí i 2013 cé go raibh na leibhéil Niocail a tugadh faoi deara níos ísle ná na leibhéil 2012. is údar imní é seo. Cé nach bhfuil aon sain-teorainneacha Niocail ann do chosmaidí ní mór do tháirgí cosmaidí a bheith (a) sábháilte agus (b); ní féidir le haon substaint cosctha a bheith iontu mura “ féidir é a sheachaint go teicniúil i ndeachleachtas táirgíochta”. Ní mór na leibhéil Niocail a choinneáil íseal i gcosmaidí chun an baol íogrócháin i ndaoine goilliúnacha a mhaolú. Luaitear táirseach de 5mg/kg i roinnt staidéir le haghaidh cosmaidí a fágfar ar an chraiceann (Basketter et al., Deirmititeas Teagmhála, 2003 lúil; 49(1):1-7).

7.3.3 Hidreacuineon agus Mearcair in Uachtair srl.

Bíonn tóir ar tháirgí Hidreacuineoin ar mhargaí cosmaidí na hÁise agus na hAfraice mar gheall ar a n-airíonna gealú craicinn, agus corr uair bíonn Hidreacuineon i dtáirgí cosmaideacha a dhíoltar i siopaí “eitneacha. Bíonn tuarascálacha RAPEX faoi hidreacuineon sách coitianta (san Eoraip). Tá cosc ar úsáid Hidreacuineoin (ag gach leibhéal) mar ghníomhaí gealú craicinn. Úsáidtear Mearcair (mar chomhábhar éagsúil mearcarach) uaireanta i dtáirgí gealú craicinn cé go bhfuil cosc ar seo.

Níor aimsíodh Hidreacuineoin in aon sampla de na 13 sampla “gealaithe/bánaithe i 2013. Bhí sé seo i gcomparáid le : 47% (23/49) 2008, 18% (5/28) 2009, 0% (0/39)2010; 8.0% (4/49) 2011 agus 8.5% (4/47) 2012.



Tástáileadh 31 sampla do mhearcair agus bhí sampla amháin neamhghéilliúil (uachtar bricíní, 5.2% mearcair). Is údar spéise é gur tástáladh an táirge seo go minic le cúpla bliain anuas ní hamháin sa saotharlann seo ach i saotharlanna Eorpacha eile agus gur aimsíodh leibhéal arda mearcair ann. Tá na torthaí neamhghéilliúla do tháirgí gealaithe craicinn tearc go maith : 0% (0/9) 2008, 4.5% (1/22) 2009, 0% (0/43) 2010, 8.3% (4/48) 2011, 0% (0/44) 2012.

7.3.4 para-Feiniléindé-aimín i nDathanna Gruaige

Tástáilleadh 30 sampla ruamanna gruaige i 2013, 30 le haghaidh para-Feiniléindé-aimín (PPD), dathúchán gruaige ceadaithe a bhfuil cumhachtaí ailléirgeach aige agus uasteora de 2%. Níor sáraíodh an teora 2% para-Feiniléindé-aimín a bhfuil éifeacht leis ón 15 Iúil 2010 (Treoir 2009/130/AE) in aon sampla

7.3.5 Tástáil Iarmhair Tuaslagóirí

Rinneadh tástáil ar 30 shampla leacht a fuarthas ó chiarsúir (ciarsúir do pháiste den chuid is mó) le haghaidh iarmhair beinséin agus clóraform .Ach níor aimsíodh na tuaslagóirí seo in aon táirge.Tá cosc iomlán ar beinséin agus clóraform i dtáirgí cosmaidí.Rinneadh tástáil ar 15 sampla (35 fo-shamplaí) táirgí Cúraim grauige le haghaidh tuaslagóirí (éatanóil, miteanóil, aicéatón , própán-1-ol agus própán-2-ol). Níor tugadh aon údar imní faoi deara.

7.3.6 Sárocsaíd Hidrigine

Tá an- tóir faoi láthair ar shlaod fiacal um ghealú agus táirgí gaolmhara. Ceadaítear uasteorainn 0.1% de shárocsaíd hidrigine i dtáirgí cúram béil nó 6% d'úsáid ghairmiúil" féach IR 270 de 2004,Sceideal 3,Cuid 1(12)). Scrúdaíodh 3 shampla le haghaidh sárocsaíd i 2013; agus bhí siad uilig géilliúl.

7.3.7 Lipéadú Ginearálta ar Chosmaidí

Scrúdaíodh 125 sampla i 2013 maidir leis an ngéilliúlacht ó thaobh na riachtanais lipéadaithe faoi na Rialacháin Cosmaidí (Rialachán Uimhir 1223/2009 & I.R. 440 de 2013). Fuarthas amach go raibh 40 (32%) sampla eamhghéilliúl: bhain an neamhghéilliúlacht le heasnaimh i gcuid den eolas lipéadaithe a leanas: Seoladh an Duine freagrach , dáta an íosmharthanacht (nó comhartha"an tréimhse tar éis oscailte), an cnuasuimhir agus liosta na gcomhábhar.

7.3.8 OTástáil eile ar Chosmaidí

7.3.8.1 Miotaldíbhroímóglútaróinítríl (MDBG) agus iada-próipiniolbúitiolcarbamaít (IPBC)

Ceadaítear na comhdhúil seo mar leasaitheach i gCosmaidí de réir Rialachán(AE) Uimhir. 1223/2009, ag leibhéil éagsúla ag brath ar an gcineál táirge agus a úsáid beartaithe. D'fhéadfadh baol íogairú/ ailléirgí a bheith i gceist dá mbainfeadh duine goilliúnach a cheannódh cosmaidí le lipéad "saor ó leasaitheach/ailléirgí úsáid as an leasaitheach seo. Scrúdaíodh 31 sampla, ciarsúir le núsáid ag páistí a bhformhór cé go raibh ciarsúir sláintíochta daoine fásta ina measc. Níor tugadh faoi deara go raibh MDBG in aon sampla. Bhí lorg IPBC (0.0005%) i sampla amháin as an 31 sampla.

7.4 Achoimre ar na Tuairiscí um Ghuais/Éilliú Cosmaidí a heisíodh i 2013

Tástáiltear samplaí cosmaidí lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte agus ag cloí le caighdeáin sábháilteachta ginearálta nó ar leith. Eisíonn an saotharlann Tuairiscí um Ghuais/Éilliú Cosmaidí nuair a léiríonn torthaí anailíse go bhfuil guais ar leith ann. Bíonn anailís riosca i gceist sna tuairiscí seo le fáil amach an bhfuil an ghuais ina riosca mór do thomhaltóirí.

